**LEASUITHE 001-315**
ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil**
**Herbert Dorfmann** **A9-0149/2024**
Táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2023)0414 – C9-0236/2023 – 2023/0227(COD))

---

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031, 2017/625 ***agus 2018/848*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí) | maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031 ***agus*** 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Lua 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | – ***ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a oibríonn i gCeantair Thuaithe, a ghlac an Chomhairle um Chearta an Duine an 28 Meán Fómhair 2018,*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Is é PRM an t-ábhar tosaigh chun plandaí a tháirgeadh san Aontas. Dá bhrí sin, bíonn sé criticiúil chun amhábhar a tháirgeadh chun críoch bia agus beatha agus chun acmhainní plandaí a úsáid go héifeachtúil. ***Cuidíonn sé*** le cosaint an chomhshaoil agus le cáilíocht an tslabhra bia agus leis an soláthar bia san Aontas ina iomláine. Maidir leis sin, is cosúil go bhfuil infhaighteacht, ***cáilíocht*** agus éagsúlacht PRM ríthábhachtach amach is amach chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach, rud a iarrtar sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc[36], agus sa talmhaíocht, gairneoireacht, cosaint an chomhshaoil, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, slándáil bia agus beatha, agus ar mhaithe leis an ngeilleagar i gcoitinne. | (4) Is é PRM an t-ábhar tosaigh chun plandaí a tháirgeadh san Aontas. Dá bhrí sin, bíonn sé criticiúil chun amhábhar a tháirgeadh chun críoch bia agus beatha agus chun acmhainní plandaí a úsáid go héifeachtúil. ***Tá sé mar aidhm aige cuidiú*** le cosaint an chomhshaoil agus le cáilíocht an tslabhra bia agus leis an soláthar bia san Aontas ina iomláine. Maidir leis sin, is cosúil go bhfuil infhaighteacht, ***ardcháilíocht*** agus éagsúlacht PRM***, lena n-áirítear cineálacha atá oiriúnaithe go háitiúil ar féidir leo a bheith tairbheach mar gheall ar fhrithsheasmhacht níos airde a bheith acu in aghaidh strus bitheach agus aibitheach,*** ríthábhachtach amach is amach chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach, rud a iarrtar sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc[36], agus sa talmhaíocht, gairneoireacht, cosaint an chomhshaoil, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, slándáil bia agus beatha, agus ar mhaithe leis an ngeilleagar i gcoitinne. |
| [36] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar | [36] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [36]agus chuig Coiste na Réigiún dar |

| | |
|---|---|
| teideal A farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], (COM(2020) 381 final). | teideal A farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], (COM(2020) 381 final). |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun an t-aistriú sin chuig córais bia inbhuanaithe a bhaint amach, ba cheart an gá a chur san áireamh le reachtaíocht an Aontais, le hinoiriúnaitheacht tháirgeadh PRM do na hathruithe atá ag teacht ar dhálaí talmhaíochta, gairneoireachta agus comhshaoil a áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a leanann an t-athrú aeráide, leis an mbithéagsúlacht a chosaint ***agus*** a athbhunú agus chun na méaduithe, atá ag teacht ar ionchais feirmeoirí agus tomhaltóirí a bhaineann le cáilíocht agus le hinbhuanaitheacht PRM, a shásamh. | (5) Chun an t-aistriú sin chuig córais bia inbhuanaithe a bhaint amach, ba cheart an gá a chur san áireamh ***le reachtaíocht na mBallstát agus*** le reachtaíocht an Aontais, le hinoiriúnaitheacht tháirgeadh PRM do na hathruithe atá ag teacht ar dhálaí talmhaíochta, gairneoireachta agus comhshaoil a áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a leanann an t-athrú aeráide, leis an mbithéagsúlacht a chosaint***,*** a athbhunú ***agus a chur chun cinn*** agus chun na méaduithe, atá ag teacht ar ionchais feirmeoirí agus tomhaltóirí a bhaineann le cáilíocht***, le sábháilteacht, le héagsúlacht*** agus le hinbhuanaitheacht PRM, a shásamh. ***Ba cheart go spreagfadh an Rialachán seo nuálaíocht chun PRM athléimneach a fhorbairt a chuirfeadh le feabhsú na mbarr a chuireann sláinte na hithreach chun cinn.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Níor cheart PRM a onnmhairítear chuig tríú tíortha a chumhdach leis an Rialachán seo, ná PRM a ***úsáidtear*** chun críoch tástála oifigiúla, an phórúcháin, cigireachtaí, taispeántas nó chun críoch | (12) Níor cheart PRM a onnmhairítear chuig tríú tíortha a chumhdach leis an Rialachán seo, ná PRM a ***dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith*** chun críoch tástála oifigiúla, an phórúcháin, |

| | |
|---|---|
| eolaíochta ***agus chun na gcríoch sin amháin***. Is amhlaidh sin toisc nach gceanglaítear sainaitheantas ná caighdeáin cháilíochta chomhchuibhithe áirithe le haghaidh na gcatagóirí PRM sin agus toisc nach ndéanann siad dochar do shainaitheantas ná do cháilíocht PRM eile a mhargaítear san Aontas. | cigireachtaí, taispeántas nó chun críoch eolaíochta***, lena n-áirítear taighde ar an bhfeirm***. Is amhlaidh sin toisc nach gceanglaítear sainaitheantas ná caighdeáin cháilíochta chomhchuibhithe áirithe le haghaidh na gcatagóirí PRM sin agus toisc nach ndéanann siad dochar do shainaitheantas ná do cháilíocht PRM eile a mhargaítear san Aontas. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo PRM a dhéanfar a rochtain, a dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith i gcainníochtaí teoranta mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VIIa, cibé acu saor ó mhuirear nó nach ea, chun caomhnaithe dinimiciúil toisc nach n-éilíonn an cineál sin PRM sainaitheantas comhchuibhithe nó caighdeáin cháilíochta ar leith agus nach gcuireann sé isteach ar shainaitheantas agus ar cháilíocht PRM eile a mhargaítear san Aontas.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Ba cheart rialacha maidir le táirgeadh in vitro clón agus lena margaíocht a bhunú freisin.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le ***clóin,*** clóin roghnaithe, ***meascáin ilchlónacha*** agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú, i ngeall ar a ***dtábhacht*** agus a ***n-úsáid*** mhéadaithe san earnáil PRM. Chun an trédhearcacht, roghanna eolasacha le haghaidh a n-úsáideoirí agus rialuithe oifigiúla éifeachtacha a áirithiú, ba cheart na clóin a chlárú i gclár poiblí speisialta arna bhunú ag na húdaráis inniúla. ***Rialacha maidir leis na clóin a chothabháil, ba cheart iad a leagan síos freisin chun caomhnú agus sainaithint na gclón a áirithiú.*** | (19) Ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le clóin roghnaithe agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú, i ngeall ar a ***thábhacht*** agus a ***húsáid*** mhéadaithe san earnáil PRM. Chun an trédhearcacht, roghanna eolasacha le haghaidh a n-úsáideoirí agus rialuithe oifigiúla éifeachtacha a áirithiú, ba cheart na clóin ***roghnaithe agus PRM polaclónach*** a chlárú i gclár poiblí speisialta arna bhunú ag na húdaráis inniúla. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ní chomhlíonann sóirt áirithe chineálacha na ceanglais atá bunaithe maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht. Mar sin féin, baineann tábhacht leo ó thaobh chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí de. Is cineálacha iad a fhástar go traidisiúnta nó cineálacha nua a tháirgtear go háirithe faoi dhálaí áitiúla sonracha agus atá oiriúnaithe do na dálaí sin. Is é leibhéal aonfhoirmeachta laghdaithe, go háirithe, a bhíonn i gceist lena saintréithe i ngeall ar ***ard***leibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair. Gairtear 'cineálacha caomhantais' de na cineálacha sin. Cuidíonn táirgeadh agus margú na gcineálacha sin le cuspóirí an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí a chur chun cinn le haghaidh an | (32) Ní chomhlíonann sóirt áirithe chineálacha na ceanglais atá bunaithe maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht. Mar sin féin, baineann tábhacht leo ó thaobh chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí de, ***atá ríthábhachtach d'éagsúlacht ghéiniteach na mbarr agus atá riachtanach chun oiriúnú d'athruithe comhshaoil agus do riachtanais na todhchaí***. Is cineálacha iad a fhástar go traidisiúnta nó cineálacha nua a tháirgtear go háirithe faoi dhálaí áitiúla sonracha agus atá oiriúnaithe do na dálaí sin. Is é leibhéal aonfhoirmeachta laghdaithe, go háirithe, a bhíonn i gceist lena saintréithe i ngeall ar leibhéal ***sásúil*** éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair. Gairtear 'cineálacha caomhantais' de na cineálacha sin. ***Is iomchuí a admháil gur próiseas dinimiciúil é caomhnú acmhainní géiniteacha agus gur cheart*** |

bhia agus na talmhaíochta ([40]). Mar pháirtí leis an gConradh, tá gealltanas tugtha ag an Aontas tacú leis na cuspóirí sin.

***cineálacha a phóraítear as an nua agus atá oiriúnaithe do dhálaí áitiúla a áireamh.*** Cuidíonn táirgeadh agus margú na gcineálacha sin le cuspóirí an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí a chur chun cinn le haghaidh an bhia agus na talmhaíochta ([40]). Mar pháirtí leis an gConradh, tá gealltanas tugtha ag an Aontas tacú leis na cuspóirí sin.

---

[40] Cinneadh 2004/869/CE ón gComhairle an 24 Feabhra 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (IO L 378, 23.12.2004, lch. 1).

[40] Cinneadh 2004/869/CE ón gComhairle an 24 Feabhra 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (IO L 378, 23.12.2004, lch. 1).

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Oibríonn roinnt mhaith banc géinte, eagraíochtaí agus líonraí san Aontas agus ***é de*** chuspóir acu ***acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú***. Chun a ngníomhaíocht a éascú, is iomchuí ceadú maidir leis an PRM sin a mhargaítear dóibh, ***nó ina measc***, go maolófar é ó na ceanglais atá bunaithe maidir le táirgeadh agus le margú, agus go gcomhlíonfaidh an PRM sin rialacha níos boige ina áit sin. | (35) Oibríonn roinnt mhaith eagraíochtaí agus líonraí san Aontas agus ***caomhnú dinimiciúil mar chuspóir acu***. Chun a ngníomhaíocht a éascú, is iomchuí ceadú maidir leis an PRM sin a mhargaítear dóibh ***nó eatarthu*** nó ina measc***, nó atá á mhargú acu***, go maolófar é ó na ceanglais atá bunaithe maidir le táirgeadh agus le margú, agus go gcomhlíonfaidh an PRM sin rialacha níos boige ina áit sin. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Déanann feirmeoirí malartuithe comhchineáil de chainníochtaí beaga síolta de ghnáth chun bainistíocht dhinimiciúil a dhéanamh ar a ***síol*** féin. Is iomchuí dá bhrí sin go ndéanfar foráil maidir le maolú ó na ceanglais atá bunaithe i gcás cainníochtaí beaga ***síolta*** a mhalartaítear idir feirmeoirí. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag maolú den sórt sin más rud é nach mbaineann na ***síolta*** sin le cineál dá bhfuil cearta maidir le cineálacha plandaí deonaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2100/94 ón gComhairle ([41]). Ba cheart ***a cheadú do na Ballstáit na cainníochtaí beaga sin a shainiú le haghaidh speicis shonracha in aghaidh na bliana, chun a áirithiú nach mbainfear aon mhí-úsáid as an maolú sin, ag a mbeadh tionchar ar mhargú na síolta***. | (36) Déanann feirmeoirí malartuithe comhchineáil ***nó cúitimh airgid*** de chainníochtaí beaga síolta de ghnáth chun bainistíocht dhinimiciúil a dhéanamh ar a ***PRM*** féin. Is iomchuí dá bhrí sin go ndéanfar foráil maidir le maolú ó na ceanglais atá bunaithe i gcás cainníochtaí beaga ***PRM*** a mhalartaítear idir feirmeoirí***, le huaschainníochtaí le socrú ar leibhéal an Aontais***. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag maolú den sórt sin más rud é nach mbaineann na ***PRM*** sin le cineál dá bhfuil cearta maidir le cineálacha plandaí deonaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2100/94 ón gComhairle ([41]). Ba cheart ***an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán seo a fhorlíonadh chun an t-uaschainníocht a fhéadfar a mhalartú a shocrúle haghaidh gach speicis***. |
| [41] Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail i ndáil le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1) | [41] Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail i ndáil le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1) |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Maidir le PRM a úsáid nach mbaineann le cineál de bhun an Rialacháin seo, ach le grúpáil plandaí laistigh de thacsón luibheolaíoch aonair, a bhfuil ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir na haonaid atáirgthe aonair inti ('ábhar ilchineálach'), d'fhéadfadh tairbhí a bheith i gceist leis an úsáid sin go | (38) Maidir le PRM a úsáid nach mbaineann le cineál de bhun an Rialacháin seo, ach le grúpáil plandaí laistigh de thacsón luibheolaíoch aonair, a bhfuil ardleibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir na haonaid atáirgthe aonair inti ('ábhar ilchineálach'), d'fhéadfadh tairbhí a bheith i gceist leis an úsáid sin go |

| | |
|---|---|
| háirithe sa táirgeadh orgánach agus sa talmhaíocht ionchuir ísil, trí fheabhas a chur ar an athléimneacht agus tríd an éagsúlacht ghéiniteach laistigh de speicis plandaí saothraithe a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart táirgeadh agus margú PRM ábhair ilchineálaigh a cheadú gan an riachtanas na ceanglais maidir le clárú cineálacha a chomhlíonadh ná ceanglais eile an Rialacháin seo maidir le táirgeadh agus le margú. Ba cheart ceanglais shonracha maidir le táirgeadh agus margú an ábhair sin a leagan amach. | háirithe sa táirgeadh orgánach agus sa talmhaíocht ionchuir ísil, trí fheabhas a chur ar an athléimneacht agus tríd an éagsúlacht ghéiniteach laistigh de speicis plandaí saothraithe a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart táirgeadh agus margú PRM ábhair ilchineálaigh***, seachas plandaí farae***, a cheadú gan an riachtanas na ceanglais maidir le clárú cineálacha a chomhlíonadh ná ceanglais eile an Rialacháin seo maidir le táirgeadh agus le margú. Ba cheart ceanglais shonracha maidir le táirgeadh agus margú an ábhair sin a leagan amach. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38a) Níor cheart go mbeadh ábhar ilchineálach comhdhéanta de OGM nó de phlanda TGN de chatagóir 1 nó de chatagóir 2 mar a shainmhínítear i Rialachán (AE).../... [Rialachán TGN].*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ba cheart oibleagáidí sonracha a thabhairt isteach le haghaidh oibreoirí gairmiúla a bhíonn gníomhach i réimse tháirgeadh agus mhargú PRM, chun a gcuntasacht, rialuithe oifigiúla níos éifeachtaí agus cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú. | (42) Ba cheart oibleagáidí sonracha ***comhréireacha*** a thabhairt isteach le haghaidh oibreoirí gairmiúla a bhíonn gníomhach i réimse tháirgeadh ***PRM d'fhonn iad a chur ar an margadh agus i réimse*** mhargú PRM, chun a gcuntasacht, rialuithe oifigiúla níos éifeachtaí agus cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú. ***Mar sin féin, ba cheart saintréithe agus teorainneacha sonracha na micrifhiontar a chur san áireamh.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Is éard is cineálacha luibhicídfhulangacha ann cineálacha a póraíodh chun bheith fulangach ar luibhicídí d’aon turas, chun iad a shaothrú i gcomhcheangal le húsáid na luibhicídí sin. Más rud é nach ndéantar an saothrú sin faoi choinníollacha iomchuí, d’fhéadfadh fiailí teacht chun cinn dá thoradh sin a bheadh frithsheasmhach ar na luibhicídí sin, d’fhéadfaí géinte frithsheasmhachta den sórt sin a scaipeadh sa chomhshaol nó d’fhéadfadh sé tarlú gur ghá na cainníochtaí luibhicídí a chuirtear i bhfeidhm a mhéadú. Toisc gurb é is aidhm don Rialachán seo cuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta, ba cheart d’údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as cineálacha a chlárú a bheith in ann saothrú na gcineálacha sin ina gcríoch a chur faoi réir coinníollacha saothraithe a bheadh iomchuí chun na héifeachtaí neamh-inmhianaithe sin a sheachaint. Thairis sin, i gcás ina mbeidh saintréithe áirithe ag cineálacha, seachas fulaingt in aghaidh luibhicídí, a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu, ba cheart iad a chur faoi réir coinníollacha saothraithe freisin, chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí agranamaíocha sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha sin maidir le saothrú na gcineálacha sin chun aon chríche, lena n-áirítear bia, beatha agus táirgí eile, agus ní díreach chun PRM a tháirgeadh agus a mhargú agus é sin amháin. Is gá sin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, is é sin, cuidiú leis an táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe ar leibhéal níos leithne ná céim tháirgeadh agus mhargú PRM. | (48) Is éard is cineálacha luibhicídfhulangacha ann cineálacha a póraíodh chun bheith fulangach ar luibhicídí d’aon turas, chun iad a shaothrú i gcomhcheangal le húsáid na luibhicídí sin. Más rud é nach ndéantar an saothrú sin faoi choinníollacha iomchuí, d’fhéadfadh fiailí teacht chun cinn dá thoradh sin a bheadh frithsheasmhach ar na luibhicídí sin, d’fhéadfaí géinte frithsheasmhachta den sórt sin a scaipeadh sa chomhshaol nó d’fhéadfadh sé tarlú gur ghá na cainníochtaí luibhicídí a chuirtear i bhfeidhm a mhéadú. Toisc gurb é is aidhm don Rialachán seo cuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta, ba cheart d’údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as cineálacha a chlárú ***agus do na Ballstáit ina bhfuil na cineálacha le saothrú,*** in ann saothrú na gcineálacha sin ina gcríoch a chur faoi réir coinníollacha saothraithe a bheadh iomchuí chun na héifeachtaí neamh-inmhianaithe sin a sheachaint. Thairis sin, i gcás ina mbeidh saintréithe áirithe ag cineálacha, seachas fulaingt in aghaidh luibhicídí, a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu, ba cheart iad a chur faoi réir coinníollacha saothraithe freisin, chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí agranamaíocha sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha sin maidir le saothrú na gcineálacha sin chun aon chríche, lena n-áirítear bia, beatha agus táirgí eile, agus ní díreach chun PRM a tháirgeadh agus a mhargú agus é sin amháin. Is gá sin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, is é sin, cuidiú leis an táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe ar leibhéal níos leithne ná céim tháirgeadh agus mhargú PRM. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun cuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta agus freastal ar riachtanais eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha níos leithne, ba cheart feabhas a bheith le feiceáil ar chineálacha nua ***i ngach géineas nó speiceas*** i gcomparáid leis na cineálacha eile sna géinis nó sna speicis chéanna a chláraítear sa chlár náisiúnta cineálacha céanna, maidir le gnéithe áirithe. I measc na ngnéithe sin tá a dtáirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi choinníollacha ionchuir ísil; lamháltas/frithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheacha, lena n-áirítear galair plandaí ar néimeatóidí, fungais, baictéir, víris, feithidí agus lotnaidí eile is cúis leo; fulaingt/frithsheasmhacht in aghaidh struis aibitheacha, lena n-áirítear oiriúnú do dhálaí an athraithe aeráide; úsáid níos éifeachtúla as acmhainní nádúrtha, mar shampla uisce agus cothaithigh; gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, mar shampla táirgí cosanta plandaí agus leasacháin; saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht na stórála, na próiseála ***agus*** an dáilte; agus saintréithe cáilíochta nó cothaitheacha ('luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe'). Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gclárú cineáil agus chun solúbthacht leordhóthanach a sholáthar chun cineálacha a chlárú ag a bhfuil na saintréithe is inmhianaithe, ba cheart na gnéithe sin a mheas le haghaidh cineál áirithe ar an iomlán. | (49) Chun cuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta agus freastal ar riachtanais eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha níos leithne, ba cheart feabhas a bheith le feiceáil ar chineálacha nua i gcomparáid leis na cineálacha eile sna géinis nó sna speicis chéanna a chláraítear sa chlár náisiúnta cineálacha céanna, maidir le gnéithe áirithe ***agranamaíocha, úsáide agus comhshaoil.*** I measc na ngnéithe sin tá a dtáirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi choinníollacha ionchuir ísil; lamháltas/frithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheacha, lena n-áirítear galair plandaí ar néimeatóidí, fungais, baictéir, víris, feithidí agus lotnaidí eile is cúis leo; fulaingt/frithsheasmhacht in aghaidh struis aibitheacha, lena n-áirítear oiriúnú do dhálaí an athraithe aeráide; úsáid níos éifeachtúla as acmhainní nádúrtha, mar shampla uisce agus cothaithigh; gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, mar shampla táirgí cosanta plandaí agus leasacháin; saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht ***an saothrú, na buainte,*** na stórála, na próiseála***,*** an dáilte ***agus na húsáide***; agus saintréithe cáilíochta nó cothaitheacha ('luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe') ***nó saintréithe ata tábhachtach le haghaidh próiseála***. Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gclárú cineáil agus chun solúbthacht leordhóthanach a sholáthar chun cineálacha a chlárú ag a bhfuil na saintréithe is inmhianaithe, ba cheart na gnéithe sin a mheas le haghaidh cineál áirithe ar an iomlán. ***I bhfianaise na n-acmhainní suntasacha agus na hullmhúcháin is gá don scrúdú sin, ba cheart é a dhéanamh ar bhealach deonach i gcás speiceas atá*** |

***liostaithe i gCuid B agus i gCuid C d'Iarscríbhinn I. I gcásanna ina bhfuil an scrúdú mar choinníoll le haghaidh rochtana ar an gclár, ba cheart gurb é an t-údarás inniúil amháin a dhéanfadh an scrúdú sin.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) ***Mar sin féin,*** ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann an scrúdú teicniúil a dhéanamh ar luach sásúil cineáil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ar áitreabh an iarratasóra agus faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil. ***Is gá sin chun*** an t-ualach riaracháin a mhaolú, chun infhaighteacht na saoráidí tástála a áirithiú agus costais a laghdú le haghaidh na n-údarás inniúil. Mar sin féin, ba cheart don údarás inniúil a bheith i gceannas ar na socruithe tástála. Thairis sin, oibreoirí gairmiúla a bhfuil baint acu le pórú cineálacha nua, agus ar bhonn a gcomhair leis na húdaráis inniúla, chruthaigh siad go bhfuil siad cáilithe chun na scrúduithe sin a dhéanamh toisc go bhfuil an saineolas, an t-eolas agus na hacmhainní iomchuí ábhartha acu. | (55) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann an scrúdú teicniúil a dhéanamh ar luach sásúil cineáil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ar áitreabh an iarratasóra agus faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil ***sa chóras deonach***. ***D'fhéadfadh sé sin*** an t-ualach riaracháin a mhaolú, chun infhaighteacht na saoráidí tástála a áirithiú agus costais a laghdú le haghaidh na n-údarás inniúil. Mar sin féin, ba cheart don údarás inniúil a bheith i gceannas ar na socruithe tástála. Thairis sin, oibreoirí gairmiúla a bhfuil baint acu le pórú cineálacha nua, agus ar bhonn a gcomhair leis na húdaráis inniúla, chruthaigh siad go bhfuil siad cáilithe chun na scrúduithe sin a dhéanamh toisc go bhfuil an saineolas, an t-eolas agus na hacmhainní iomchuí ábhartha acu. ***Mar sin féin, i gcásanna ina bhfuil an scrúdú mar choinníoll sainordaitheach le haghaidh rochtana ar an gclár, ba cheart gurb é an t-údarás inniúil amháin a dhéanfadh an scrúdú sin.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) Is é 10 mbliana ba cheart a bheith sa | (57) Is é 10 mbliana ba cheart a bheith sa |

| | |
|---|---|
| tréimhse clárúcháin cineáil, chun an nuálaíocht san earnáil phórúcháin a spreagadh, mar aon le seanchineálacha a bhaint den mhargadh agus cineálacha nua a chur ina n-ionad. Mar sin féin, is é 30 bliain ba cheart a bheith sa tréimhse sin i gcás cineálacha géineas nó speiceas plandaí torthaí agus fíniúnacha, i ngeall ar an tréimhse níos faide a theastaíonn chun timthriall táirgthe na ngéineas nó na speiceas sin a chur i gcrích. | tréimhse clárúcháin cineáil, chun an nuálaíocht san earnáil phórúcháin a spreagadh, mar aon le seanchineálacha a bhaint den mhargadh agus cineálacha nua a chur ina n-ionad. Mar sin féin, is é 30 bliain ba cheart a bheith sa tréimhse sin i gcás cineálacha géineas nó speiceas plandaí torthaí agus fíniúnacha ***agus i gcás cineálacha caomhnaithe***, i ngeall ar an tréimhse níos faide a theastaíonn chun timthriall táirgthe na ngéineas nó na speiceas sin a chur i gcrích. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(64) Ba cheart Rialachán (AE) 2018/848 a leasú chun na sainmhínithe ar 'ábhar atáirgthe plandaí' agus ar 'ábhar ilchineálach' a ailíniú leis na sainmhínithe dá ndéantar foráil leis an Rialachán seo. Thairis sin, an cumhachtú don Choimisiún chun forálacha sonracha a ghlacadh maidir le PRM d'ábhar ilchineálach orgánach a mhargú, ba cheart é a eisiamh ó Rialachán (AE) 2018/848, toisc gur cheart na rialacha uile a bhaineann le táirgeadh agus le margú PRM a leagan amach sa Rialachán seo ar chúiseanna na soiléireachta dlíthiúla.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 85**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (85) ***Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a*** | (85) ***Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a*** |

| | |
|---|---|
| ***thabhairt don Choimisiún maidir le cinneadh*** a dhéanamh faoi eagrú turgnamh sealadach chun roghanna malartacha feabhsaithe, ar raon feidhme agus ar fhorálacha áirithe an Rialacháin seo, a lorg. | ***tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha sonracha*** faoi eagrú turgnamh sealadach chun roghanna malartacha feabhsaithe, ar raon feidhme agus ar fhorálacha áirithe an Rialacháin seo, a lorg. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le hábhar atáirgthe plandaí ('PRM') a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, agus go háirithe ceanglais maidir le PRM a tháirgeadh sna goirt agus i láithreáin eile, maidir le catagóirí ábhair, ceanglais maidir le sainaitheantas agus cáilíocht, deimhniú, lipéadú, pacáistiú, allmhairí, oibreoirí gairmiúla agus clárú na gcineálacha. | Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le hábhar atáirgthe plandaí ('PRM') a tháirgeadh ***d'fhonn iad a chur ar an margadh san Aontas,*** agus maidir le ***PRM*** a mhargú san Aontas, agus go háirithe ceanglais maidir le PRM a tháirgeadh sna goirt agus i láithreáin eile, maidir le catagóirí ábhair, ceanglais maidir le sainaitheantas agus cáilíocht, deimhniú, lipéadú, pacáistiú, allmhairí, oibreoirí gairmiúla agus clárú na gcineálacha. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar rialacha síos leis an Rialachán seo freisin maidir le coinníollacha saothraithe na gcineálacha áirithe a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu, lena n-áirítear ***an*** saothrú chun críoch seachas PRM a tháirgeadh agus a mhargú, chun bia, beatha agus táirgí eile a tháirgeadh. | Leagtar rialacha síos leis an Rialachán seo freisin maidir le coinníollacha saothraithe na gcineálacha áirithe ***atá fulangach ar luibhicídí nó*** a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh-inmhianaithe a bheith acu, lena n-áirítear saothrú chun críoch seachas PRM a tháirgeadh agus a mhargú, chun bia, beatha agus táirgí eile a tháirgeadh. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh feidhm ag na ceanglais maidir le PRM a tháirgeadh ach amháin ***maidir lena tháirgeadh*** d'fhonn é a mhargú. | Ní bheidh feidhm ag na ceanglais maidir le PRM a tháirgeadh ***nó a allmhairiú*** ach amháin d'fhonn é a mhargú ***laistigh san Aontas***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cáilíocht agus éagsúlacht na rogha le haghaidh PRM a áirithiú, agus a infhaighteacht le haghaidh oibreoirí gairmiúla agus úsáideoirí deiridh; | (a) Cáilíocht, ***sábháilteacht*** agus éagsúlacht na rogha le haghaidh PRM a áirithiú, agus a infhaighteacht le haghaidh oibreoirí gairmiúla***, feirmeoirí*** agus úsáideoirí deiridh; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) coinníollacha cothroma a áirithiú le haghaidh iomaíocht na n-oibreoirí gairmiúla ar fud an Aontais agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in PRM; | (b) coinníollacha cothroma a áirithiú le haghaidh iomaíocht na n-oibreoirí gairmiúla ar fud an Aontais agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in PRM; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cuidiú ***le caomhnú*** agus ***le húsáid*** inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí agus leis an agrai-bhithéagsúlacht; | (d) cuidiú ***leis an gcaomhnú dinimiciúil*** agus l***eis an úsáid*** inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí agus leis an agrai-bhithéagsúlacht; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) cuidiú leis an táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe, arna oiriúnú do dhálaí aeráide atá ann faoi láthair agus a mheastar a bheidh ann amach anseo; | (e) cuidiú leis an táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe, arna oiriúnú do dhálaí aeráide ***agus ithreach*** atá ann faoi láthair agus a mheastar a bheidh ann amach anseo; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) cur leis an tslándáil bia | (f) cur leis an tslándáil bia ***agus le biacheannasacht.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh***,*** Iarscríbhinn I ***a leasú***, ***lena cur*** in oiriúint d'fhorbairtí an eolais theicniúil agus eolaíoch, agus do na sonraí eacnamaíocha a bhaineann le géinis agus speicis a tháirgeadh agus a mhargú, trí ghéinis agus trí speicis a chur le liosta na hIarscríbhinne sin nó trína mbaint di. | Tugtar de chumhacht don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 75 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***lena leasófar*** Iarscríbhinn I ***d'fhonn an Iarscríbhinn sin a chur*** in oiriúint d'fhorbairtí an eolais theicniúil agus eolaíoch, agus do na sonraí eacnamaíocha a bhaineann le géinis agus speicis a tháirgeadh agus a mhargú, trí ghéinis agus trí speicis a chur le liosta na |

hIarscríbhinne sin nó trína mbaint di.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis ***an ngníomh*** tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear géinis nó speicis leis an liosta in Iarscríbhinn I más rud é go gcomhlíonann siad dhá cheann ar a laghad de na heilimintí seo a leanas: | Leis ***na gníomhartha*** tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear géinis nó speicis leis an liosta in Iarscríbhinn I más rud é go gcomhlíonann siad dhá cheann ar a laghad de na heilimintí seo a leanas: |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – fomhír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) is díol spéise iad i dtéarmaí inbhuanaitheachta comhshaoil.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 98/56/CE; | (a) ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 98/56/CE***, agus ábhar iomadaithe géineas nó speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a úsáidtear chun críocha ornáideacha go heisiach***; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 – pointe b**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (b) ábhar atáirgthe foraoise mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47 +]; | (b) ábhar atáirgthe foraoise mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47+] ***agus ábhar iomadaithe géineas nó speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a úsáidtear chun críoch foraoiseachta go heisiach***; |
| [47] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …). | [47] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …., lch.…).. |
| [+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad (… (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta. | [+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad (… (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 – pointe c**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (c) PRM a tháirgtear lena onnmhairiú chuig tríú tíortha; | (c) PRM a tháirgtear lena onnmhairiú chuig tríú tíortha ***agus leis sin amháin***; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 – pointe e**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (e) PRM a ***úsáidtear*** chun críoch tástála oifigiúla, pórúcháin, cigireachtaí, taispeántas nó chun críoch eolaíochta agus chun na gcríoch sin amháin**.** | (e) PRM a ***dhíoltar nó a aistrítear ar aon bhealach, bíodh sin saor in aisce nó ná bíodh,*** chun críoch tástála oifigiúla, pórúcháin, cigireachtaí, taispeántas nó chun críoch eolaíochta***, lena n-áirítear le haghaidh taighde ar an bhfeirm agus le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanann bainc géinte;*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) PRM a dhéanfar a rochtain, a dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith i gcainníochtaí beaga mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VIIa, cibé acu saor ó mhuirear nó nach ea, chun caomhnaithe dinimiciúil mar a leagtar amach in Airteagal 29;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) PRM arna tháirgeadh ag feirmeoirí dá n-úsáid féin;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn ‘oibreoir gairmiúil’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, ag a bhfuil baint ghairmiúil le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas san Aontas a bhaineann le PRM: | (2) ciallaíonn ‘oibreoir gairmiúil’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, ag a bhfuil baint ghairmiúil le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas san Aontas a bhaineann le ***saothrú tráchtála*** PRM: |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cineálacha a chothabháil; | (c) cineálacha a chothabháil ***nó a iolrú***; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'margú' na gníomhaíochtaí seo a leanas arna ndéanamh ag oibreoir gairmiúil: díol, coimeád, ***aistriú saor in aisce,*** nó tairiscint lena dhíol nó aon bhealach eile lena aistriú nó lena dháileadh laistigh den Aontas, nó allmhairiú isteach ann | (3) ciallaíonn 'margú' na gníomhaíochtaí ***tráchtála*** seo a leanas arna ndéanamh ag oibreoir gairmiúil: díol, coimeád, nó tairiscint lena dhíol***, lena n-áirítear díol ar líne,*** nó aon bhealach eile lena aistriú nó lena dháileadh laistigh den Aontas, nó allmhairiú isteach ann ***atá dírithe ar shaothrú tráchtála PRM;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'clón' sliocht aonair planda, arna dhíothú ar dtús ó phlanda aonair eile trí atáirgeadh fásúil, agus atá comhionann go géiniteach leis an bplanda eile sin fós; | (5) ciallaíonn clón': |
| | ***(a)*** sliocht aonair planda, arna dhíothú ar dtús ó phlanda aonair eile trí atáirgeadh fásúil, agus atá comhionann go géiniteach leis an bplanda eile sin fós; ***nó*** |
| | ***(b) sliocht planda aonair fásúil atá aonfhoirmeach go géiniteach.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn 'clón roghnaithe' clón atá roghnaithe i ngeall ar thréithe feinitíopacha inchineáil speisialta áirithe agus ar a stádas fíteashláintíoch lena dtugtar feidhmíocht níos fearr don chlón roghnaithe, a chloíonn leis an tuairisc ar an gcineál ***lena mbaineann sé agus, i gcás na gclón roghnaithe nach mbaineann le cineál, go gcloíonn sé leis an tuairisc ar an speiceas lena mbaineann sé***; | (6) ciallaíonn 'clón roghnaithe' clón atá roghnaithe i ngeall ar thréithe feinitíopacha inchineáil speisialta áirithe agus ar a stádas fíteashláintíoch lena dtugtar feidhmíocht níos fearr don chlón roghnaithe, a chloíonn leis an tuairisc ar an gcineál ***fíniúnacha agus ar na speicis sin de chrainn thorthaí ina bhfuil an éagsílacht inathchineálach sin,*** lena mbaineann ***an clón roghnaithe;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe plandaí polaclónach' ***grúpa de roinnt sleachta sainiúla aonair de phlandaí arna ndíorthú ó ghéinitíopaí difriúla, a gcloíonn gach ceann díobh leis an tuairisc ar an gcineál lena mbaineann sé***; | (7) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe plandaí polaclónach' ***ábhar iomadaithe a fhaightear ó rogha de ghrúpa de sheacht ngéinitíopa ar a laghad a bhfuil tuar breisiúcháin ghéiniteacha ag baint leo, arna ndéanamh trí uirlisí géiniteacha cainníochtúla, ón tsraith thurgnamhach chéanna de chineál ársa sonrach, ina bhfuil an chuid is mó dá éagsúlacht inchineáil***; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(8) ciallaíonn 'meascán ilchlónach' meascáin de chlóin roghnaithe, a mbaineann siad uile leis an gcineál nó leis an speiceas céanna, de réir mar is iomchuí, a bhfuarthas gach ceann díobh tríd an roghnúchán neamhspleách;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'cothabháil cineáil' na gníomhaíochtaí a dhéantar chun íonacht cineáil agus sainaitheantas cineáil a rialú, arb é is aidhm dó a áirithiú go leanfaidh ***cineál de bheith i gcomhréir lena thuairisc*** i gcaitheamh timthriallta atáirgthe dá éis sin | (12) ciallaíonn 'cothabháil cineáil' na gníomhaíochtaí a dhéantar chun íonacht cineáil agus sainaitheantas cineáil a rialú, arb é is aidhm dó a áirithiú go leanfaidh ***saintréithe an chineáil de bheith dílis dona dtuairisc*** i gcaitheamh timthriallta atáirgthe dá éis sin; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) ciallaíonn 'síol réamhbhunúsach' síol a bhaineann le glúin roimh ghlúin an tsíl bhunúsaigh, a bheartaítear chun síol bunúsach nó deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn II; | (14) ciallaíonn 'síol réamhbhunúsach' síol a bhaineann le glúin roimh ghlúin an tsíl bhunúsaigh, a bheartaítear chun síol bunúsach nó deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A ***agus i gCuid D*** d'Iarscríbhinn II; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn 'síol bunúsach' síol a táirgeadh de shíol réamhbhunúsach nó de ghlúine roimhe de shíol bunúsach, a bheartaítear chun tuilleadh glún de shíolta bunúsacha nó deimhnithe a tháirgeadh, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi | (15) ciallaíonn 'síol bunúsach' síol a táirgeadh de shíol réamhbhunúsach nó de ghlúine roimhe de shíol bunúsach, a bheartaítear chun tuilleadh glún de shíolta bunúsacha nó deimhnithe a tháirgeadh, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi |

| | |
|---|---|
| mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn II; | mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A ***agus i gCuid D*** d'Iarscríbhinn II; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ciallaíonn 'síol deimhnithe' síol a táirgeadh de shíol réamhbhunúsach, bunúsach nó de ghlúine roimhe de shíol bunúsach, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn II; | (16) ciallaíonn 'síol deimhnithe' síol a táirgeadh de shíol réamhbhunúsach, bunúsach nó de ghlúine roimhe de shíol bunúsach, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil, nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A ***agus i gCuid D*** d'Iarscríbhinn II; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ciallaíonn 'síol caighdeánach' síol, seachas síol réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nach mbeartaítear iomadú breise lena aghaidh, agus a chomhlíonann na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn III; | (17) ciallaíonn 'síol caighdeánach' síol, seachas síol réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nach mbeartaítear iomadú breise lena aghaidh, agus a chomhlíonann na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i gCuid A ***agus i gCuid D*** d'Iarscríbhinn III; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ciallaíonn 'ábhar réamhbhunúsach' PRM seachas síolta, a bhaineann le glúin | (18) ciallaíonn 'ábhar réamhbhunúsach' PRM seachas síolta, a bhaineann le glúin |

| | |
|---|---|
| roimh ghlúin an ábhair bhunúsaigh, a bheartaítear chun ábhar bunúsach nó deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ***gCuid*** B d'Iarscríbhinn II; | roimh ghlúin an ábhair bhunúsaigh, a bheartaítear chun ábhar bunúsach nó deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ***gCodanna*** B***, C agus E*** d'Iarscríbhinn II; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn 'ábhar réamhbhunúsach' PRM seachas síol, a táirgeadh d'ábhar réamhbhunúsach nó de ghlúine roimhe d'ábhar bunúsach, a bheartaítear chun tuilleadh glún d'ábhar bunúsach nó d'ábhar deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ***gCuid*** B d'Iarscríbhinn II; | (19) ciallaíonn 'ábhar réamhbhunúsach' PRM seachas síol, a táirgeadh d'ábhar réamhbhunúsach nó de ghlúine roimhe d'ábhar bunúsach, a bheartaítear chun tuilleadh glún d'ábhar bunúsach nó d'ábhar deimhnithe a tháirgeadh agus a dheimhniú, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ***gCodanna*** B***, C agus E*** d'Iarscríbhinn II; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ciallaíonn 'ábhar deimhnithe' PRM seachas síol, a táirgeadh d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó de ghlúine roimhe d'ábhar deimhnithe, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ***gCuid*** B d'Iarscríbhinn II; | (20) ciallaíonn 'ábhar deimhnithe' PRM seachas síol, a táirgeadh d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó de ghlúine roimhe d'ábhar deimhnithe, agus a bhfuarthas ina leith trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil go gcomhlíonann sé na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ***gCodanna*** B***, C agus E*** d'Iarscríbhinn II; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) ciallaíonn 'ábhar caighdeánach' PRM seachas síol, agus seachas ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nach mbeartaítear iomadú breise lena aghaidh, agus a chomhlíonann na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos i ***gCuid*** B d'Iarscríbhinn III; | (21) ciallaíonn 'ábhar caighdeánach' PRM seachas síol, agus seachas ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nach mbeartaítear iomadú breise lena aghaidh, agus a chomhlíonann na coinníollacha lena mbaineann a leagtar síos ***i gCodanna*** B***, C agus E*** d'Iarscríbhinn III; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine a fhaigheann, a aistríonn agus a úsáideann PRM chun críoch atá lasmuigh de ghníomhaíochtaí gairmiúla an duine sin; | (28) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine a fhaigheann, a aistríonn agus a úsáideann PRM chun críoch atá lasmuigh de ***phríomh***ghníomhaíochtaí gairmiúla an duine sin; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 29 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a fhástar go traidisiúnta nó a phóraítear as an nua ***go háitiúil*** faoi dhálaí áitiúla ***sonracha san Aontas agus atá oiriúnaithe do na dálaí sin; agus*** | (a) ***atá ina phór dúchasach*** a fhástar go traidisiúnta nó ***ina chineál*** a phóraítear as an nua ***(pór dúchasach nua-aimseartha) a dhíorthaítear ó roghnúchán ar an bhfeirm agus a phóraítear lena oiriúnú do*** dhálaí áitiúla ***i gcomhthéacs úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí le haghaidh bia agus talmhaíochta;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) nach cineál hibrideach F1 é*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a bhfuil ***ard***leibhéal éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair mar shaintréith de; | (b) a bhfuil leibhéal sásúil éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair mar shaintréith de; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) nach bhfuil faoi réir, ina iomláine nó i gcomhpháirteanna géiniteacha, cearta maoine intleachtúla a chuireann teorainn lena úsáid le haghaidh caomhnaithe, taighde, pórúcháin, oideachais, lena n-áirítear ar an bhfeirm ag feirmeoir a úsáideann an PRM a fhástar ar an bhfeirm, den chineál sin do na cuspóirí sin;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 30 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bíonn ***drochthionchar*** do-ghlactha acu ar cháilíocht PRM, agus tionchar | (c) bíonn ***tionchar*** do-ghlactha acu ar cháilíocht PRM, agus tionchar |

| | |
|---|---|
| eacnamaíoch do-ghlactha a mhéid a bhaineann le húsáid an PRM sin san Aontas; | eacnamaíoch do-ghlactha a mhéid a bhaineann le húsáid an PRM sin san Aontas; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) ciallaíonn 'saor, geall leis, ó lotnaidí' ***a bheith iomlán saor ó lotnaidí, nó*** staid ina mbeidh an líon lotnaidí cáilíochta ar an PRM lena mbaineann chomh híseal nach ndéanann na lotnaidí sin difear ***díobhálach*** do cháilíocht an PRM sin; | (31) ciallaíonn 'saor, geall leis, ó lotnaidí ***cáilíochta***' staid ina mbeidh an líon lotnaidí cáilíochta ar an PRM lena mbaineann chomh híseal nach ndéanann na lotnaidí sin difear ***rómhór*** do cháilíocht an PRM sin; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) ciallaíonn 'prátaí síl' tiúbair de Solanum tuberosum L., a úsáidtear chun prátaí ***eile*** a atáirgeadh; | (32) ciallaíonn 'prátaí síl' tiúbair de Solanum tuberosum L., a úsáidtear chun prátaí a atáirgeadh; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) ciallaíonn 'caomhnú dinimiciúil' éagsúlacht ghéiniteach a chaomhnú laistigh de speicis phlandaí saothraithe agus eatarthu, agus folaíonn sé caomhnú in situ, cibé acu ar fheirm nó sa ghairdín, caomhnú ex situ lasmuigh dá ngnáthóg nádúrtha, agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí agus na hagrai-bhithéagsúlachta ar bhealach agus ar ráta nach dtagann meath*** |

***fadtéarmach ar an éagsúlacht bhitheolaíoch mar thoradh air, agus ar an gcaoi sin an acmhainneacht a chothabháil chun freastal ar riachtanais agus ar mhianta na nglúnta atá ann anois agus na nglúnta atá le teacht;***

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35b) ciallaíonn 'planda TGN' plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2) de Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus beatha;*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35c) ciallaíonn 'síol tráchtála' síol a tháirgtear agus a mhargaítear le haghaidh meascán dá dtagraítear in Airteagal 21 atá in-sainaitheanta mar shíol a bhaineann le speiceas, ach nach de chineál é, agus a fuarthas trí dheimhniúchán oifigiúil nó trí dheimhniúchán a dhéantar faoi mhaoirseacht oifigiúil chun na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le síol deimhnithe a chomhlíonadh cé is moite den cheanglas in Airteagal 5;*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35d) ciallaíonn 'pacáistí beaga' pacáistí ina bhfuil síol nó ábhar suas go huasmhéid:*** |
| | ***(a) 30 kg i gcás gránach, prátaí síl;*** |
| | ***(b) 10 kg do phlandaí farae, biatas, plandaí ola agus snáithín;*** |
| | ***(c) 5 kg i gcás glasraí léagúmacha*** |
| | ***(d) 500 g d'oinniúin, costóg, an lus súgach, biatas bán, biatas, tornapaí, mealbhacán uisce, gurd, mearóga, cairéid, raidisí, salsabh dubh, spionáiste, ceathrú uain;*** |
| | ***(e) 100 g do gach speiceas eile glasraí;*** |
| | ***(f) i gcás gearrthán torthaí agus fíniúnacha, 100 gearrthán aonair a bhfuil ar a laghad cúig shúil inúsáidte acu.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) mar ***shíol*** a ndéantar malartuithe ***comhchineáil*** de idir feirmeoirí i gcomhréir le hAirteagal 30; | (e) mar ***PRM*** a ndéantar malartuithe de idir feirmeoirí i gcomhréir le hAirteagal 30; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) mar shíol póraitheoirí i gcomhréir le hAirteagal 31;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) mar ***shíol*** a ndéantar malartuithe ***comhchineáil*** de idir feirmeoirí i gcomhréir le hAirteagal 30; | (d) mar ***PRM*** a ndéantar malartuithe de idir feirmeoirí i gcomhréir le hAirteagal 30; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) síol póraitheora dá dtagraítear in Airteagal 31.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn II, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1). | (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid A ***agus i gCuid D*** d'Iarscríbhinn II, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1). |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II, agus | (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid B ***agus i gCuid E*** |

| | |
|---|---|
| fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1). | d'Iarscríbhinn II, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1). |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun Iarscríbhinn II a leasú. Oiriúnófar na leasuithe sin d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta agus ***d'fhéadfadh*** ceanglais a bheith i gceist leo maidir leis na nithe seo a leanas: | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun Iarscríbhinn II a leasú. Oiriúnófar na leasuithe sin d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta agus ***ní bheidh*** ceanglais a bheith i gceist leo ***ach amháin*** maidir leis na nithe seo a leanas: |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de ***chlóin***, ***clóin*** roghnaithe***, meascáin ilchlónacha agus PRM polaclónach***; | (g) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de ***chlóin*** roghnaithe ***a tháirgeadh agus a mhargú***; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear ***i gCuid A agus i gCuid B d'Iarscríbhinn*** II maidir le géinis, speicis nó catagóirí áirithe PRM, agus, i gcás inarb | Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear ***in Iarscríbhinn*** II maidir le géinis, speicis nó catagóirí áirithe PRM, agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le gráid, |

| | |
|---|---|
| iomchuí, maidir le gráid, aicmí, glúine nó foranna eile den chatagóir lena mbaineann. Beidh baint ag na ceanglais sin le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas | aicmí, glúine nó foranna eile den chatagóir lena mbaineann. Beidh baint ag na ceanglais sin le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) rátaí péactha, íonacht agus cion PRM eile, taise, ***spreacadh,*** ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith i láthair; | (***f***) rátaí péactha, íonacht agus cion PRM eile, taise, ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith i láthair; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 76(2), chun oiriúnú d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta ábhartha. | Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 76(2), chun oiriúnú d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta ábhartha ***agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeadh agus d'infhaighteacht PRM agus d'oibreoirí beaga á gcur san áireamh***. ***Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin comhréireach leis an gcatagóir PRM.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn III, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na | (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid A ***agus i gCuid D*** d'Iarscríbhinn III, agus fianaítear a |

| | |
|---|---|
| ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 16. | chomhlíontacht leis na ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 16. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn III, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 16. | (ii) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid B ***agus i gCuid E*** d'Iarscríbhinn III, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 16. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Uair sa bhliain, cuirfidh oibreoirí gairmiúla dearbhú faoi bhráid an údaráis inniúil a bhainfidh leis na cainníochtaí in aghaidh an speicis de shíol agus d'ábhar caighdeánach a tháirgeann siad.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ceanglais maidir le ***clóin, clóin roghnaithe, meascáin ilchlónacha agus*** PRM polaclónach d'ábhar caighdeánach; | (g) ceanglais maidir le PRM polaclónach d'ábhar caighdeánach ***a tháirgeadh agus a mhargú***; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4, maidir leis na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (i) de, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme na gceanglas sin, ag cur san áireamh na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeadh agus d'infhaighteacht PRM agus d'oibreoirí beaga. Beidh na gníomhartha cur tarmligthe sin comhréireach leis an gcatagóir PRM.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear ***i gCuid A agus i gCuid B d'Iarscríbhinn*** III maidir le géinis nó le speicis áirithe de shíol nó d'ábhar caighdeánach. Beidh baint ag na ceanglais sin le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas: | Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear in Iarscríbhinn III maidir le géinis nó le speicis áirithe de shíol nó d'ábhar caighdeánach. Beidh baint ag na ceanglais sin le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas: |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) rátaí péactha, íonacht agus cion PRM eile, taise, ***spreacadh,*** ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith i láthair; | (f) rátaí péactha, íonacht agus cion PRM eile, taise, ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith i láthair; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) modhanna bith-mhóilíneacha nó teicniúla eile a chur i bhfeidhm, mar aon lena bhformheas agus a n-úsáid, agus modhanna formheasta san Aontas a liostú; | (g) modhanna bith-mhóilíneacha nó teicniúla eile ***a aithnítear go hidirnáisiúnta*** a chur i bhfeidhm, mar aon lena bhformheas agus a n-úsáid, agus modhanna formheasta san Aontas a liostú; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 76(2), chun oiriúnú d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta ábhartha. | Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 76(2), chun oiriúnú d'fhorbairtí na gcaighdeán teicniúil agus eolaíoch idirnáisiúnta ábhartha ***agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeadh agus d'infhaighteacht PRM agus d'oibreoirí beaga á gcur san áireamh***. ***Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin comhréireach leis an gcatagóir PRM.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Clóin,*** clóin roghnaithe***, meascáin ilchlónacha*** agus PRM polaclónach a tháirgeadh, a mhargú ***agus a chlárú*** | ***Ceanglais maidir le*** clóin roghnaithe agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***I dteannta na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 4 go 43,*** déanfar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach***,*** deimhnithe agus ***caighdeánach de*** chlóin***, clóin*** roghnaithe ***meascáin ilchlónacha*** agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid C agus in Iarscríbhinn III, Cuid C. | 1. Déanfar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach ***agus*** deimhnithe de chlóin roghnaithe agus ***ábhar caighdeánach de*** PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid C agus in Iarscríbhinn III, Cuid C. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní ceadmhach ***clóin,*** clóin roghnaithe***, meascáin ilchlónacha*** agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin más rud é go bhfuil siad cláraithe ag údarás inniúil in aon chlár oifigiúil amháin le haghaidh clón arna bhunú ag Ballstát. | Ní ceadmhach clóin agus PRM polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin más rud é go bhfuil siad cláraithe ag údarás inniúil in aon chlár oifigiúil amháin le haghaidh clón roghnaithe agus PRM polaclónach arna bhunú ag Ballstát. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar sa chlár sin na heilimintí uile dá dtagraítear san iarratas ar chlón, clón roghnaithe***, meascán ilchlónach*** agus PRM polaclónach a chlárú, mar a leagtar amach in ***Iarscríbhinn II, Cuid B, Cuid C pointe 2***. | Áireofar sa chlár sin na heilimintí uile dá dtagraítear san iarratas ar chlón, clón roghnaithe, meascán ilchlónach agus PRM polaclónach a chlárú, mar a leagtar amach in Airteagal 53a. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfar ***clóin,*** clóin roghnaithe***, meascáin ilchlónacha*** agus PRM polaclónach a chothabháil chun a sainaitheantas a chaomhnú. Na daoine a bhíonn freagrach as ***na clóin,*** clóin roghnaithe***, meascáin ilchlónacha*** agus PRM polaclónach a chothabháil, déanfaidh siad na bearta uile chun go bhféadfaidh na húdaráis inniúla nó aon duine eile iad a fhíorú, ar bhonn taifid choimeádta. | 3. Déanfar clóin roghnaithe agus PRM polaclónach a chothabháil chun a sainaitheantas a chaomhnú. Na daoine a bhíonn freagrach as clóin roghnaithe agus PRM polaclónach a chothabháil, déanfaidh siad na bearta uile chun go bhféadfaidh na húdaráis inniúla nó aon duine eile iad a fhíorú, ar bhonn taifid choimeádta. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní dhéanfar PRM ilchlónála, atá cláraithe sa chlár dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin má chomhlíonann sé na ceanglais uile a bhaineann le hábhar caighdeánach dá dtagraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn III. I gcomhréir le hAirteagal 17, beidh lipéad oibreora gairmiúil ar a mbeidh an tásc 'Ábhar polyclónach' ag gabháil le PRM polyclónach.*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh oibreoir oifigiúil, ar iarratas a chur isteach, a bheith údaraithe ag an údarás inniúil chun na gníomhaíochtaí uile | Féadfaidh oibreoir oifigiúil, ar iarratas a chur isteach, a bheith údaraithe ag an údarás inniúil chun na gníomhaíochtaí uile |

| | |
|---|---|
| nó gníomhaíochtaí áirithe, a cheanglaítear chun PRM a dheimhniú, a fheidhmiú faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil le haghaidh ábhar nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, agus chun lipéad oifigiúil a ***eisiúint*** lena n-aghaidh. | nó gníomhaíochtaí áirithe, a cheanglaítear chun PRM a dheimhniú, a fheidhmiú faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil le haghaidh ábhar nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, agus chun lipéad oifigiúil a ***phriontáil*** lena n-aghaidh. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) pearsanra cáilithe a fhostú chun an tsampláil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó conarthaí a thabhairt i gcrích le cuideachtaí a fhostaíonn pearsanra cáilithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; | (c) pearsanra cáilithe a fhostú chun an tsampláil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó conarthaí a thabhairt i gcrích le cuideachtaí nó le comhlachais d'oibreoirí gairmiúla a fhostaíonn pearsanra cáilithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) pearsanra cáilithe a fhostú chun an tástáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó saotharlanna a úsáid a fhostaíonn pearsanra cáilithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; | (d) pearsanra cáilithe a fhostú chun an tástáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó saotharlanna ***tástála PRM*** a úsáid a fhostaíonn pearsanra cáilithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena |

| | |
|---|---|
| bhforlíontar mír 1 a mhéid a bhaineann le ***ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas***: | bhforlíontar mír 1 a mhéid a bhaineann le |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) nós imeachta um an iarratas a chuireann an t-oibreoir gairmiúil isteach;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b)*** gníomhaíochtaí sonracha atá le déanamh ag an údarás inniúil, chun an chomhlíontacht le mír 1, pointí (a) go (g), a dheimhniú. | gníomhaíochtaí sonracha atá le déanamh ag an údarás inniúil, chun an chomhlíontacht le mír 1, pointí (a) go (g), a dheimhniú. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha an deimhniúcháin faoi mhaoirseacht oifigiúil, déanfaidh na húdaráis inniúla, ar a laghad uair sa bhliain, ***iniúchtaí*** chun a áirithiú go gcomhlíonann an t-oibreoir gairmiúil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 10(1). | Chun críocha an deimhniúcháin faoi mhaoirseacht oifigiúil, déanfaidh na húdaráis inniúla ***iniúchtaí rialta***, ar a laghad ***gach ocht mí dhéag*** chun a áirithiú go gcomhlíonann an t-oibreoir gairmiúil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 10(1). |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha ***cur chun feidhme***, na ceanglais a shonrú maidir leis na cigireachtaí, leis an oiliúint, leis na scrúduithe, na cigireachtaí, leis an tsampláil agus an tástáil, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i dtaca le géinis nó le speicis áirithe. | Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha ***tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 75, lena bhforlíontar an Rialachán seo***, na ceanglais a shonrú maidir leis na cigireachtaí, leis an oiliúint, leis na scrúduithe, na cigireachtaí, leis an tsampláil agus an tástáil, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i dtaca le géinis nó le speicis áirithe. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'fhéadfaí ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas a shonrú leis na gníomhartha ***cur chun feidhme*** sin: | D'fhéadfaí ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas a shonrú leis na gníomhartha ***tarmligthe*** sin: |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) úsáid scéimeanna creidiúnúcháin áirithe ag an oibreoir gairmiúil, agus an fhéidearthacht do na húdaráis inniúla chun na cigireachtaí agus na gníomhaíochtaí samplála, tástála agus faireacháin dá dtagraítear san Airteagal seo a laghdú i ngeall ar úsáid na scéimeanna sin. | (c) úsáid scéimeanna creidiúnúcháin áirithe ag an oibreoir gairmiúil, agus an fhéidearthacht do na húdaráis inniúla chun na cigireachtaí agus na gníomhaíochtaí samplála, tástála agus faireacháin dá dtagraítear san Airteagal seo a laghdú i ngeall ar úsáid na scéimeanna sin***, dá dtagraítear i mír 2***. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar PRM a mharcáil ina luchtóga. Cion chineálacha agus speicis gach luchtóige, beidh sé ***sách aonfhoirmeach*** agus in-sainaitheanta ag a húsáideoirí mar inneachar atá sainiúil ó luchtóga eile PRM. | 1. Déanfar PRM a mharcáil ina luchtóga. Cion chineálacha agus speicis gach luchtóige, beidh sé ***measctha go haonchineálach*** agus in-sainaitheanta ag a húsáideoirí mar inneachar atá sainiúil ó luchtóga eile PRM. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le linn próiseála, pacáistiú, stórála, nó tráth a seachadta, maidir le luchtóg PRM, ní fhéadfar iad a chumasc ina luchtóg nua ach amháin más rud é go mbaineann siad leis an gcineál céanna ***agus leis an mbliain bhuainte chéanna***. | Le linn próiseála, pacáistiú, stórála, nó tráth a seachadta, maidir le luchtóga PRM, ní fhéadfar iad a chumasc ina luchtóg nua ach amháin más rud é go mbaineann siad leis an gcineál céanna. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar PRM a mhargú i bpacáistí, cuacha nó coimeádáin cheangailte, ar a mbeidh gaireas séalaithe agus marcáil. I | 1. Déanfar PRM a mhargú i bpacáistí, cuacha nó coimeádáin cheangailte, ar a mbeidh gaireas séalaithe agus marcáil. I |

gcás PRM seachas síolta, féadfar é a mhargú i bhfoirm plandaí aonair freisin.

gcás PRM seachas síolta ***agus prátaí síl***, féadfar é a mhargú i bhfoirm plandaí aonair freisin.

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 - mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní fhéadfar luchtóga de PRM réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a athphacáistiú, a athlipéadú, agus a athshéalú ach ***faoi rialú oifigiúil nó*** faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil agus sa chás sin amháin. | 4. Ní fhéadfar luchtóga de PRM réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a athphacáistiú, a athlipéadú, agus a athshéalú ach ***ag an údarás inniúil nó ag an oibreoir gairmiúil*** faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil agus sa chás sin amháin. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh oibreoir gairmiúil síolta a mhargú d’fheirmeoir go díreach agus i mbulc. | De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh oibreoir gairmiúil síolta ***agus prátaí síl*** a mhargú d’fheirmeoir go díreach agus i mbulc. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é an t-údarás inniúil a údaróidh an t-oibreoir gairmiúil sin chun na críche sin. Cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas faoin ngníomhaíocht sin agus faoin luchtóg óna dtagann an síol sin roimh ré. | Is é an t-údarás inniúil a údaróidh an t-oibreoir gairmiúil sin chun na críche sin. Cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas faoin ngníomhaíocht sin agus faoin luchtóg óna dtagann an síol ***agus na prátaí síl*** sin roimh ré. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina luchtófar síol in innealra nó ar leantóir an fheirmeora go díreach, áiritheoidh an t-oibreoir gairmiúil agus an feirmeoir lena mbaineann inrianaitheacht an tsíl sin trí dhoiciméid a eisiúint agus a choinneáil a léireoidh an speiceas agus an cineál, an chainníocht, an t-am aistrithe agus sainaitheantas na luchtóige. | I gcás ina luchtófar síol ***agus prátaí síl*** in innealra nó ar leantóir an fheirmeora go díreach, áiritheoidh an t-oibreoir gairmiúil agus an feirmeoir lena mbaineann inrianaitheacht an tsíl sin agus na bprátaí síl sin trí dhoiciméid a eisiúint agus a choinneáil a léireoidh an speiceas agus an cineál, an chainníocht, an t-am aistrithe agus sainaitheantas na luchtóige. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Coimeádfaidh an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil taifead de na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(a) údarú, ceannach, lódáil agus iompar an PRM; agus*** |
| | ***(b) cáilíocht, sainaithint agus inrianaitheacht an PRM.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 - mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais shonracha a ghlacadh maidir le séalú, ceangal, méid agus foirm phacáistí, chuacha agus choimeádáin speiceas sonrach PRM, agus coinníollacha maidir le margú na síolta i mbulc a shonrú. Déanfar | 6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais shonracha a ghlacadh maidir le séalú, ceangal, méid agus foirm phacáistí, chuacha agus choimeádáin speiceas sonrach PRM, agus coinníollacha maidir le margú na síolta ***agus na bprátaí síl*** i mbulc |

na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an t-údarás inniúil, má iarrann an t-oibreoir gairmiúil sin, nó mura mbeidh an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil, is é an t-údarás inniúil a phriontálfaidh é i gcomhréir le hAirteagal 10; nó | (a) an t-údarás inniúil ***a d'eisigh an lipéad oifigiúil***, má iarrann an t-oibreoir gairmiúil sin, nó mura mbeidh an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil, is é an t-údarás inniúil a phriontálfaidh é i gcomhréir le hAirteagal 10; nó |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an t-oibreoir gairmiúil, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, i gcás ina mbeidh an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 10. | (b) an t-oibreoir gairmiúil ***nó na comhlachais d'oibreoirí gairmiúla***, faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, i gcás ina mbeidh an t-oibreoir gairmiúil údaraithe chun an deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 10. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 - mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5, déanfar ***ábhar agus*** síol réamhbhunúsach ***agus*** bunúsach***, ábhar agus síol bunúsach agus ábhar*** agus ***síol*** deimhnithe, arna n-allmhairiú ó thríú tíortha de bhun | 6. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5 ***den Airteagal seo***, déanfar síol réamhbhunúsach***,*** bunúsach agus deimhnithe, arna n-allmhairiú ó thríú tíortha de bhun Airteagal 39, a mhargú san |

| | |
|---|---|
| Airteagal 39, a mhargú san Aontas agus an lipéad OECD lena mbaineann orthu agus a bhí ag gabháil leo tráth a n-allmhairithe. | Aontas agus an lipéad OECD lena mbaineann orthu agus a bhí ag gabháil leo tráth a n-allmhairithe. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Eiseoidh, priontálfaidh agus greamóidh an t-oibreoir gairmiúil, nó duine a ghníomhóidh faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil, lipéad an oibreora ar an taobh amuigh de chuach, pacáiste nó coimeádán. | Eiseoidh, priontálfaidh agus greamóidh an t-oibreoir gairmiúil, nó duine a ghníomhóidh faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil, lipéad an oibreora ar an taobh amuigh de chuach, pacáiste nó coimeádán ***plandaí***. ***Féadfaidh an t-oibreoir gairmiúil, nó duine a bheidh ag gníomhú faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil, an fhaisnéis atá le cur ar lipéad an oibreora ghairmiúil a phriontáil go díreach ar an gcuach, pacáiste nó coimeádáin plandaí***. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh lipéad oifigiúil agus lipéad an oibreora inléite, doscriosta, gan a bheith inmhodhnaithe má dhéantar crioscaíl leis, priontáilte ar thaobh amháin, gan a bheith úsáidte roimhe, agus infheicthe gan dua. | 2. Beidh lipéad oifigiúil agus lipéad an oibreora inléite, doscriosta, gan a bheith inmhodhnaithe má dhéantar crioscaíl leis, priontáilte ar thaobh amháin, ***déanta as ábhar do-bhriste mura lipéad greamaitheach é***, gan a bheith úsáidte roimhe, agus infheicthe gan dua. ***Áireofar leis, i gcás inarb infheidhme, tagairt don cheart ar chineál planda agus tagairt don chlár dá dtagraítear in Airteagal 46 i gcás tuilleadh ceart maoine intleachtúla.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Aon spás den lipéad oifigiúil nó de lipéad an oibreora seachas na heilimintí a luaitear i mír 4, ***féadfaidh*** an t-údarás inniúil é a úsáid le haghaidh faisnéis bhreise. Cuirfear an fhaisnéis sin i láthair i litreacha nach mó ná na litreacha sin a úsáidtear le haghaidh inneachar an lipéid oifigiúil nó lipéad an oibreora dá dtagraítear i mír 4. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith ina fhaisnéis fhíorasach agus an méid sin amháin, gan ábhar fógraíochta a bheith i gceist, agus bainfidh an fhaisnéis leis na ceanglais maidir le táirgeadh agus le margú nó leis na ceanglais maidir le lipéadú le haghaidh orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó le plandaí NGT de chatagóir 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) …/… (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le NGT) agus leis na ceanglais sin amháin. . | 3. Aon spás den lipéad oifigiúil nó de lipéad an oibreora seachas na heilimintí a luaitear i mír 4, ***déanfaidh*** an t-údarás inniúil é a úsáid le haghaidh faisnéis bhreise***, i gcás inar ábhartha sin***. Cuirfear an fhaisnéis sin i láthair i litreacha nach mó ná na litreacha sin a úsáidtear le haghaidh inneachar an lipéid oifigiúil nó lipéad an oibreora dá dtagraítear i mír 4. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith ina fhaisnéis fhíorasach agus an méid sin amháin, gan ábhar fógraíochta a bheith i gceist, agus bainfidh an fhaisnéis leis na ceanglais maidir le táirgeadh agus le margú nó leis na ceanglais maidir le lipéadú le haghaidh orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó le plandaí NGT de chatagóir 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) …/… (Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le NGT) agus leis na ceanglais sin amháin. . |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – fomhír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(h) an lipéad le haghaidh PRM a mhargaíonn bainc géinte, eagraíochtaí agus líonraí áirithe dá dtagraítear in Airteagal 29;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – fomhír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) an lipéad le haghaidh ábhar*** | ***scriosta*** |

***póraitheora dá dtagraítear in Airteagal 31(2);***

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – fomhír 1 – pointe n a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(na) an lipéad le haghaidh ábhair pholaclónaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(4);*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sa chás ina dtaispeánann rialuithe oifigiúla a dhéantar le linn PRM a mhargú nár táirgeadh nó nár margaíodh ***síolta nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nó síolta nó ábhar caighdeánach*** laistigh den Aontas i gcomhréir leis na ceanglais ***lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagail 7 nó 8, nó i gcás nár deimhníodh sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil PRM sa tástáil ar dháileacht talún cóimheasa i gcomhréir le hAirteagal 24***, áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfaidh an t-oibreoir gairmiúil lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá maidir leis an PRM ***lena mbaineann agus i leith an áitribh*** agus a mhodhanna táirgthe, de réir mar is iomchuí. Beidh sé d’aidhm ag na gníomhaíochtaí sin ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas a bhaint amach: | Sa chás ina dtaispeánann rialuithe oifigiúla a dhéantar le linn PRM a mhargú nár táirgeadh nó nár margaíodh ***é*** laistigh den Aontas i gcomhréir leis na ceanglais ***faoi seach is infheidhme i ndáil leis an PRM sin***, áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfaidh an t-oibreoir gairmiúil lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá maidir leis an PRM***, a áitreabh*** agus a mhodhanna táirgthe, de réir mar is iomchuí. Beidh sé d’aidhm ag na gníomhaíochtaí sin ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas a bhaint amach: |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cé is moite de shíol caighdeánach nó d’ábhar caighdeánach, ***táirgfear nó*** margófar an PRM lena mbaineann faoi chatagóir níos ísle, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme le haghaidh na catagóire sin; | (c) cé is moite de shíol caighdeánach nó d’ábhar caighdeánach, ***de shíol ilchineálach nó d’ábhar ilchineálach agus de PRM a mhargaítear faoi na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagail 27 go 30,*** margófar an PRM lena mbaineann faoi chatagóir níos ísle, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme le haghaidh na catagóire sin; |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) gearrfar modhanna breise de phionóis ar an oibreoir gairmiúil le cois tharraingt siar nó mhodhnú an údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 11. | (d) ***i gcás inarb infheidhme, féadfar*** modhanna breise de phionóis ***a ghearradh*** ar an oibreoir gairmiúil le cois tharraingt siar nó mhodhnú an údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 11. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ar iarratas ó Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a údarú go scaoilfear Ballstát ón oibleagáid na forálacha atá leagtha síos san Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgeadh agus margú PRM laistigh dá chríoch, ar PRM é a bhaineann go sonrach le géineas nó le speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn IV, nach ndéantar de ghnáth a atáirgeadh ná*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***a mhargú laistigh dá chríoch. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).*** |
|  | ***Déanfar an t-údarú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír a bhunú ar mheasúnú ar na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2 den dara fomhír.*** |
|  | ***Déanfar an t-údarú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a athbhreithniú go rialta. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go bhfuil an t-údarú le haisghairm, má mheasann sé nach bhfuil bonn cirt leis a thuilleadh i bhfianaise na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, pointe (a) agus pointe (b). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Meascáin de shíolta deimhnithe nó meascáin de shíol caighdeánach de ghéinis nó de speicis éagsúla a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I agus a chomhlíonann ceanglais Airteagail 5 go 8, mar aon le meascáin de chineálacha difriúla de na géinis nó de na speicis sin, féadfar iad a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, más rud é go gcomhlíonann siad ceanglais an Airteagail seo. | Meascáin de shíolta deimhnithe nó meascáin de shíol caighdeánach de ghéinis nó de speicis éagsúla a liostaítear i gCuid A ***agus i gCuid B*** d'Iarscríbhinn I agus a chomhlíonann ceanglais Airteagail 5 go 8, ***cibé acu atá nó nach bhfuil i gcomhcheangal le síol tráchtála,*** mar aon le meascáin de chineálacha difriúla de na géinis nó de na speicis sin, féadfar iad a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, más rud é go gcomhlíonann siad ceanglais an Airteagail seo. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) lipéad oibreora, i ***gcás nach mbeidh sa mheascán ach síol deimhnithe, nó síol deimhnithe agus síol caighdeánach***. | (b) lipéad oibreora, i ngach cás eile |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha an dara fomhír, pointe (a), cuirfidh na hoibreoirí gairmiúla liosta na gcineálacha dá bhfuil an meascán comhdhéanta agus na cóimheasa atá i gceist leo faoi bhráid an údaráis inniúil, chun incháilitheacht na gcineálacha sin a fhíorú. | Chun críocha an dara fomhír, pointe (a), cuirfidh na hoibreoirí gairmiúla liosta na gcineálacha ***agus na gcomhpháirteanna síolta tráchtála*** dá bhfuil an meascán comhdhéanta agus na cóimheasa atá i gceist leo faoi bhráid an údaráis inniúil, chun incháilitheacht na gcineálacha sin a fhíorú. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagal 21(1), feadfaidh na Ballstáit táirgeadh agus margú meascáin síolta de ghéinis nó de chineálacha éagsúla a liostaítear i ***gCuid A*** d'Iarscríbhinn I, a údarú, ***mar aon le meascáin síolta chineálacha difriúla de na géinis nó de na speicis sin, in éineacht le síolta*** de ghéinis nó de speicis Chodanna eile den Iarscríbhinn sin, nó meascáin síolta de ghéinis nó de speicis nach liostaítear san Iarscríbhinn sin, más rud é go gcomhlíonann ***an meascán*** sin na coinníollacha uile seo a leanas: | De mhaolú ar ***Airteagail 5 go 8 agus ar*** Airteagal 21(1), feadfaidh na Ballstáit táirgeadh agus margú meascáin síolta de ghéinis nó de chineálacha éagsúla a liostaítear i ***gCodanna A, B agus C*** d'Iarscríbhinn I, a údarú, ***agus*** de ghéinis nó de speicis Chodanna eile den Iarscríbhinn sin, nó de ghéinis nó de speicis nach liostaítear san Iarscríbhinn sin, más rud é go gcomhlíonann ***na meascáin*** sin na coinníollacha uile seo a leanas: |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cuidíonn ***sé*** le caomhnú na n-acmhainní géiniteacha, nó leis an gcomhshaol nádúrtha a athbhunú; agus | (a) cuidíonn ***siad*** le caomhnú na n-acmhainní géiniteacha, nó leis an gcomhshaol nádúrtha a athbhunú; agus |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá ***sé*** bainteach le limistéar áirithe (‘réigiún tionscnaimh’) a chuidíonn le caomhnú na n-acmhainní géiniteacha, nó leis an gcomhshaol nádúrtha a athbhunú; | (b) tá ***siad*** bainteach le limistéar áirithe (‘réigiún tionscnaimh’) a chuidíonn le caomhnú na n-acmhainní géiniteacha, nó leis an gcomhshaol nádúrtha a athbhunú; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhlíonann ***sé*** ceanglais Iarscríbhinn V. | (c) comhlíonann ***siad*** ceanglais Iarscríbhinn V. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) níl siad comhdhéanta de OGM nó de phlanda TGN de chatagóir 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) .../... [Rialachán TGN] nó*** |

***de phlanda TGN de chatagóir 1 nó 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) …/ …[Rialachán TGN].***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is ***é*** '***meascán caomhantais***' atá i gceist le ***meascán*** den sórt sin agus luafar é sin ar a lipéad. | Is ***iad*** '***meascáin chaomhnúcháin***' atá i gceist le ***meascáin*** den sórt sin agus luafar é sin ar a lipéad. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ceanglais maidir le húdarú le haghaidh meascáin síolta a bhailítear ó áit nádúrtha go díreach arb áit í a bhaineann le ***limistéar foinseach*** sainithe, chun an comhshaol nádúrtha a chaomhnú agus a athbhunú (meascáin le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach); | (a) ceanglais maidir le húdarú le haghaidh meascáin síolta a bhailítear ó áit nádúrtha go díreach arb áit í a bhaineann le ***réigiún tionscnaimh*** sainithe, chun an comhshaol nádúrtha a chaomhnú agus a athbhunú (meascáin le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach); |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh na ***leasuithe*** sin bunaithe ar an taithí a cruinníodh le cur chun feidhme an Airteagail seo, agus le haon fhorbairt theicniúil agus eolaíoch agus leis an bhfeabhsú ar cháilíocht agus ar shainaitheantas na meascán le haghaidh leasaithe. Féadfaidh baint a bheith acu le géinis nó le speicis áirithe agus leo sin | Beidh na ***gníomhartha tarmligthe*** sin bunaithe ar an taithí a cruinníodh le cur chun feidhme an Airteagail seo, agus le haon fhorbairt theicniúil agus eolaíoch agus leis an bhfeabhsú ar cháilíocht agus ar shainaitheantas na meascán le haghaidh leasaithe. Féadfaidh baint a bheith acu le géinis nó le speicis áirithe agus leo sin |

| | |
|---|---|
| amháin. | amháin. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Luchtóga ***síl*** a athphacáistiú agus athlipéadú | Luchtóga ***PRM*** a athphacáistiú agus athlipéadú |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar luchtóg ***síl*** de shíol réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a athphacáistiú agus athlipéadú i gcomhréir leis an Airteagal seo, le hAirteagail 14 agus 15, i gcás inar gá sin chun luchtóga a roinnt nó a chumasc. | 1. Déanfar luchtóg de **PRM** réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a athphacáistiú agus athlipéadú i gcomhréir leis an Airteagal seo, le hAirteagail 14 agus 15, i gcás inar gá sin chun luchtóga a roinnt nó a chumasc. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is iad seo a leanas a dhéanfaidh athphacáistiú agus athlipéadú luchtóige ***síl***: | Is iad seo a leanas a dhéanfaidh athphacáistiú agus athlipéadú luchtóige ***PRM***: |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tar éis mhargú na síolta | 1. Tar éis mhargú na síolta |

| | |
|---|---|
| caighdeánacha, déanfaidh na húdaráis inniúla tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa chun a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na síolta na ceanglais ***lena mbaineann maidir le sainaitheantas cineáil agus le híonacht chineáil, agus ceanglais eile***, de réir mar is iomchuí | caighdeánacha, déanfaidh na húdaráis inniúla***, má shonraítear san anailís riosca é,*** tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa chun a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na síolta na ceanglais ***a leagtar amach in Airteagal 8 agus in Iarscríbhinn III***, de réir mar is iomchuí. |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cinnfear na tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa ar bhonn anailís riosca maidir leis an bhféidearthacht nach gcomhlíonfaidh na síolta lena mbaineann na ceanglais sin. | 2. Cinnfear na tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa ar bhonn anailís riosca maidir leis an bhféidearthacht nach gcomhlíonfaidh na síolta lena mbaineann na ceanglais sin. ***Déanfaidh an t-údarás inniúil anailís riosca den sórt sin ar bhonn saintréithe críochacha, rioscaí do shláinte plandaí sa réigiún, agus ar bhonn cuntas teiste an oibreora ghairmiúil.*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 20, féadfar PRM a bhaineann le cineál caomhantais, atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b) a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas mar shíol caighdeánach nó gnáthábhar plandaí atáirgthe, má chomhlíonann sé na ceanglais uile a bhaineann le síol caighdeánach agus gnáthábhar plandaí atáirgthe le haghaidh an speicis faoi leith, dá dtagraítear in Airteagal 8. | 1. De mhaolú ar Airteagal 20, féadfar PRM ***de ghéinis agus de speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn IV agus*** a bhaineann le cineál caomhantais, atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b) a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas mar shíol caighdeánach nó gnáthábhar plandaí atáirgthe, má chomhlíonann sé na ceanglais uile a bhaineann le síol caighdeánach agus gnáthábhar plandaí atáirgthe le haghaidh an speicis faoi leith, dá dtagraítear in |

Airteagal 8.

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a úsáideann an maolú sin fógra don údarás inniúil faoin ngníomhaíocht sin***, i ndáil leis na speicis agus na cainníochtaí lena mbaineann,*** ar bhonn bliantúil. | 3. Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a úsáideann an maolú sin fógra don údarás inniúil faoin ngníomhaíocht sin ar bhonn bliantúil. |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfar PRM d'ábhar ilchineálach a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas gan baint a bheith aige le cineál. Tabharfar fógra don údarás inniúil ***faoin*** ábhar ilchineálach agus claróidh an t-údarás sin é sula dtáirgfear agus/nó margófar é, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. | 1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfar PRM d'ábhar ilchineálach***, cé is moite de tháirgeadh agus margú plandaí farae a liostaítear in Iarscríbhinn I,*** a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas gan baint a bheith aige le cineál. Tabharfar fógra don údarás inniúil ***faoi PRM d'***ábhar ilchineálach agus claróidh an t-údarás sin é sula dtáirgfear agus/nó margófar é, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ar ***Airteagail 7(1), (3) agus Airteagal 8(1), (3)***, táirgfear agus margófar PRM d'ábhar ilchineálach dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in | 2. De mhaolú ar ***Airteagal 7, Airteagal 8, Airteagal 13(2) and (5) agus Airteagail 18 agus 20***, táirgfear agus margófar PRM d'ábhar ilchineálach dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na |

| | |
|---|---|
| Iarscríbhinn VI. | ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) feabhsófar leo na rialacha maidir le cothabháil PRM ilchineálach, ar bhonn teacht chun cinn dea-chleachtas. | (c) feabhsófar leo na rialacha maidir le cothabháil PRM ilchineálach***, más infheidhme***, ar bhonn teacht chun cinn dea-chleachtas. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 - mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfaidh aon oibreoir gairmiúil a tháirgeann agus/nó atá chun PRM d'ábhar ilchineálach a mhargú fógra don údarás inniúil sula margófar é. Mura n-iarrann an t-údarás inniúil aon fhaisnéis bhreise laistigh ***d'achar ama a chinneann an t-údarás inniúil***, féadfar PRM d'ábhar ilchineálach a mhargú. | 4. Tabharfaidh aon oibreoir gairmiúil a tháirgeann agus/nó atá chun PRM d'ábhar ilchineálach a mhargú fógra don údarás inniúil sula margófar é. Mura n-iarrann an t-údarás inniúil aon fhaisnéis bhreise laistigh ***de trí mhí***, féadfar PRM d'ábhar ilchineálach a mhargú. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 5 – fomhír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) suíomh pórúcháin PRM d'ábhar ilchineálach ***agus an suíomh táirgthe***; | (d) suíomh pórúcháin ***nó táirgthe*** PRM d'ábhar ilchineálach; |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 5 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh rochtain ag na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo. | Beidh rochtain ag na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo***, i gcomhthéacs na rialuithe iarmhargaithe***. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ábhar ilchineálach mar a thugtar fógra ina leith de bhun mhír 1, cláróidh na húdaráis inniúla é i gclár tiomnaithe ('clár ábhair ilchineálaigh'). | Ábhar ilchineálach mar a thugtar fógra ina leith de bhun mhír 1, cláróidh na húdaráis inniúla é i gclár tiomnaithe ('clár ábhair ilchineálaigh'). ***Beidh an clárú sin saor in aisce don oibreoir gairmiúil.*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coimeádfaidh na húdaráis inniúla an clár sin, tabharfaidh siad cothrom le dáta é ***agus*** foilseoidh siad é agus tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún faoina inneachar agus na nuashonruithe. | Coimeádfaidh na húdaráis inniúla an clár sin, tabharfaidh siad cothrom le dáta é, foilseoidh siad é ***agus cuirfidh siad ar fáil ar líne é*** agus tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún faoina inneachar agus na nuashonruithe. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a úsáideann an maolú sin fógra don údarás inniúil faoin ngníomhaíocht sin***, i ndáil leis na speicis*** | Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a úsáideann an maolú sin fógra don údarás inniúil faoin |

| | |
|---|---|
| ***agus na cainníochtaí lena mbaineann,*** ar bhonn bliantúil | ngníomhaíocht sin ar bhonn bliantúil. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a bhaineann leis na ceanglais maidir le méid, foirm, séalú agus láimhseáil, ceanglais a bhaineann leis na pacáistí beaga dá dtagraítear i mír 1, pointe (d).*** <br> ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| PRM a mhargaítear ***do bhainc ghéinte,*** eagraíochtaí agus líonraí agus a mhargaítear ***idir bainc ghéinte, eagraíochtaí agus líonraí*** | PRM a mhargaítear ***d'***eagraíochtaí agus líonraí ***atá tiomanta don chaomhnú dinimiciúil agus PRM a mhargaítear eatarthu nó ina measc nó PRM arna mhargú ac*****u** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagail 5 go 25, féadfar PRM a mhargú ***do bhainc ghéinte, eagraíochtaí agus líonraí, nó idir bainc ghéinte, eagraíochtaí agus líonraí, le*** | De mhaolú ar Airteagail 5 go 25, féadfar PRM a mhargú ***d'eagraíochtaí agus líonraí, nó ag eagraíochtaí agus líonraí nó idir eagraíochtaí agus líonraí nó*** |

***cuspóir reachtúil, nó cuspóir oifigiúil a dtugtar fógra ina leith don údarás inniúil, chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú,*** lena ndéantar aon cheann de na gníomhaíochtaí chun críocha neamhbhrabúsacha.

***laistigh d'eagraíochtaí agus líonraí lena n-áirítear feirmeoirí atá tiomanta do chaomhnú dinimiciúil*** lena ndéantar aon cheann de na gníomhaíochtaí chun críocha neamhbhrabúis.

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadtar é a mhargú ó na ***bainc ghéinte, eagraíochtaí*** agus líonraí chuig daoine a dhéanann an PRM sin a chaomhnú, mar úsáideoirí deiridh, chun críocha ***neamhbhrabúsacha*** freisin. | Féadtar é a mhargú ó na ***heagraíochtaí caomhnaithe*** agus líonraí ***sin***, ***nó óna gcomhaltaí*** chuig daoine a dhéanann an PRM sin a chaomhnú ***go dinimiciúil*** mar úsáideoirí deiridh ***nó*** chun críocha ***feirmeoireachta*** freisin. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) liostófar é i gclár a choimeádann na ***bainc ghéinte, eagraíochtaí*** agus líonraí sin in éineacht le tuairisc ***iomchuí*** ar an PRM sin; | (a) liostófar é i gclár a choimeádann na ***heagrachtaí caomhnaithe*** agus líonraí sin in éineacht le tuairisc ***bhunúsach*** ar an PRM sin***, i gcás nach mbaineann sé le cineál atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 44***; |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) caomhnóidh na ***bainc ghéinte, eagraíochtaí*** agus líonraí é, agus cuirfidh na ***bainc ghéinte, eagraíochtaí*** agus líonraí sin samplaí den PRM sin ar fáil do na | (b) caomhnóidh na ***heagraíochtaí caomhnaithe*** agus líonraí é, agus cuirfidh na ***heagraíochtaí*** agus líonraí sin samplaí den PRM sin ar fáil do na húdaráis inniúla |

| | |
|---|---|
| húdaráis inniúla arna n-iarraidh sin; agus | arna n-iarraidh sin***, ag brath ar na cainníochtaí***; agus |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon locht ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá chuid cáilíochta mar ábhar atáirgthe***, agus beidh spreacadh agus toisí sásúla aige i leith a thairbhe mar PRM, agus, i gcás síolta, beidh acmhainneacht phéactha shásúil acu***. | (c) beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon locht ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá gcuid cáilíochta mar abhar atáirgthe. |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh na ***bainc ghéinte, eagraíochtaí*** agus líonraí fógra don údarás inniúil faoi úsáid an mhaolaithe dá dtagraítear i mír 1 agus na speicis lena mbaineann. | 2. Tabharfaidh na ***heagraíochtaí caomhnaithe*** agus líonraí fógra don údarás inniúil faoi úsáid an mhaolaithe dá dtagraítear i mír 1 agus na speicis lena mbaineann. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Síol*** a ndéantar malartuithe ***comhchineáil*** de idir feirmeoirí | ***PRM*** a ndéantar malartuithe de idir feirmeoirí |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagail 5-25, féadfaidh feirmeoirí malartuithe comhchineáil ***síolta*** a dhéanamh, má ***chomhlíonann na síolta*** sin na coinníollacha uile seo a leanas: | 1. De mhaolú ar Airteagail 5-25, féadfaidh feirmeoirí malartuithe comhchineáil nó ***cúitimh airgid PRM*** a dhéanamh, má chomhlíonann na síolta sin na coinníollacha uile seo a leanas: |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) táirgtear ***iad*** ar áitreabh an fheirmeora féin; | (1) táirgtear ***é*** ar áitreabh an fheirmeora féin; |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) díorthaítear ***iad*** ó bhuaint an fheirmeora féin; | (2) díorthaítear iad ó bhuaint an fheirmeora féin; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) níl siad faoi réir conradh seirbhíse a dhéanann an feirmeoir le hoibreoir gairmiúil a dhéanann táirgeadh síolta; agus | (3) ***i gcás síolta,*** níl siad faoi réir conradh seirbhíse a dhéanann an feirmeoir le hoibreoir gairmiúil a dhéanann táirgeadh síolta; agus |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) úsáidtear an ***síol*** le haghaidh bainistíocht dhinimiciúil ***shíol*** an fheirmeora féin chun cur leis an agrai-éagsúlacht. | (4) úsáidtear an ***PRM*** le haghaidh bainistíocht dhinimiciúil ***agus caomhnú PRM*** an fheirmeora féin chun cur leis an agrai-éagsúlacht. |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Comhlíonfaidh ***na síolta*** sin na ceanglais uile seo a leanas: | 2. Comhlíonfaidh ***an PRM*** sin na ceanglais seo uile a leanas: |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh siad teoranta ***do chainníochtaí beaga, a shaineoidh na húdaráis inniúla le haghaidh speicis shonracha in aghaidh na bliana agus in aghaidh an fheirmeora***, gan idirghabhálaithe tráchtála a úsáid ná tairiscint phoiblí ar mhargú; agus | (b) beidh siad teoranta i gcainníochtaí gan idirghabhálaithe tráchtála a úsáid ná tairiscint phoiblí ar mhargú; agus |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon locht ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá gcuid cáilíochta, agus beidh acmhainneacht phéactha shásúil acu. | (c) beidh siad saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon locht ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá gcuid cáilíochta, agus ***i gcás síolta,*** beidh acmhainneacht phéactha shásúil acu. |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile ar bhonn bliantúil faoi na méideanna in aghaidh speiceas a shaineofar i gcomhréir le mír 2, pointe (b).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 30a*** |
| | ***Cainníocht uasta gach speicis a fhéadfar a mhalartú*** |
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 lena bhforlíontar an Rialachán seo, chun an t-uaschainníocht a fhéadfar a mhalartú, dá dtagraítear in Airteagal 30(2), pointe (b) a shocrú do gach speiceas. Socrófar an chainníocht sin agus aird á tabhairt ar riachtanais feirmeoirí gairmiúla ar mhionscála chomh maith le rioscaí do shláinte plandaí, agus forbairt agus cothabháil córas feirmeoireachta éagsúil á gcur chun cinn.*** |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 31*** | ***scriosta*** |

***Síol an phóraitheora***

***1. De mhaolú ar Airteagail 5-25, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí síolta de ghlúine roimh an gcatagóir réamhbhunúsach a mhargú d'oibreoir eile, chun cineálacha nua a phórú (síol an phóraitheora).***

***Cinnfidh an t-údarás inniúil fad an údaraithe agus na cainníochtaí in aghaidh an speicis, agus iad ag deonú an údaraithe sin.***

***2. Gabhfaidh le PRM dá dtagraítear i mír 1 lipéad arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil, leis an tásc 'síol an phóraitheora', a bheidh ceangailte, de réir mar is infheidhme, leis an gcoimeádán, beart nó pacáiste den ábhar sin.***

***Beidh sé séalaithe agus beidh uimhir luchtóige air a bheidh le húsáid chun críocha aitheantais agus tástáil ar dháileacht talún cóimheasa sula n-úsáidfear é mar shíol réamhbhunúsach.***

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagal 5, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla síolta réamhbhunúsacha, ábhar réamhbhunúsach, síolta bunúsacha agus bunábhar a bhaineann le cineál nach bhfuil cláraithe go fóill i gclár náisiúnta cineálacha, dá dtagraítear in Airteagal 44, a tháirgeadh agus a mhargú, chun críocha iolrúcháin, má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas: | De mhaolú ar Airteagal 5, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla síolta réamhbhunúsacha, ábhar réamhbhunúsach, síolta bunúsacha agus bunábhar***, síol caighdeánach agus ábhar caighdeánach*** a bhaineann le cineál nach bhfuil cláraithe go fóill i gclár náisiúnta cineálacha, dá dtagraítear in Airteagal 44, a tháirgeadh agus a mhargú, chun críocha iolrúcháin, má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas: |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar údarú den sórt sin a dheonú go ceann tréimhse uasta 3 bliana i gcás síolta, agus 5 bliana i gcás PRM seachas síolta, agus le haghaidh cainníochtaí ***beaga*** in aghaidh an speicis mar a shonróidh an t-údarás inniúil. | Féadfar údarú den sórt sin a dheonú go ceann tréimhse uasta 3 bliana i gcás síolta, agus 5 bliana i gcás PRM seachas síolta, agus le haghaidh cainníochtaí ***teoranta*** in aghaidh an speicis mar a shonróidh an t-údarás inniúil ***i gcomhghaol le meid na táirgeachta ar leibhéal na mBallstát***. |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh feidhm ag an maolú seo maidir le PRM atá comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE.*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagail 5, 7, 10-12, 15, 20, 23 agus 24, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d’oibreoirí gairmiúla go ceann tréimhse uasta 3 bliana i gcás síolta, agus 5 bliana i gcás PRM seachas síolta, agus le haghaidh cainníochtaí ***beaga*** in aghaidh an speicis mar a chinnfidh an t-údarás inniúil, PRM a bhaineann le cineál nach bhfuil cláraithe go fóill i gclár náisiúnta cineálacha, dá dtagraítear in Airteagal 44, a tháirgeadh agus a mhargú, má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas: | De mhaolú ar Airteagail 5, 7, 10-12, 15, 20, 23 agus 24, féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d’oibreoirí gairmiúla go ceann tréimhse uasta 3 bliana i gcás síolta, agus 5 bliana i gcás PRM seachas síolta, agus le haghaidh cainníochtaí ***teoranta*** in aghaidh an speicis mar a chinnfidh an t-údarás inniúil***, i gcomhghaol le méid na tairgeachta ar leibhéal na mBallstát***, PRM a bhaineann le cineál nach bhfuil cláraithe go fóill i gclár náisiúnta cineálacha, dá dtagraítear in Airteagal 44, a tháirgeadh agus a mhargú, má chomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas: |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) táirgeadh an stoic de shíolta réamhbhunúsacha agus ábhar réamhbhunúsach, agus síolta bunúsacha agus bunábhar, agus síolta deimhnithe agus ábhar a bheidh ar fáil roimh chlárú an chineáil agus na tástálacha agus trialacha atáthar ag brath a dhéanamh i ndáil leis na síolta caighdeánacha agus ábhar caighdeánach;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) an suíomh a dhéanfar an táirgeadh; agus*** | ***scriosta*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) cainníochtaí an ábhair a chuirfear ar fáil ar an margadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D’fhonn deacrachtaí sealadacha le soláthar ginearálta PRM, a d’fhéadfadh tarlú san | D’fhonn deacrachtaí sealadacha le soláthar ginearálta PRM, a d’fhéadfadh tarlú san |

| | |
|---|---|
| Aontas de bharr dálaí aeráide díobhálacha nó imthosca gan choinne eile, a bhaint, ***féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme,*** údarú a thabhairt do na Ballstáit go ceann tréimhse uasta 1 bhliain amháin, chun margú na gcatagóirí d'ábhar réamhbhunúsach, bunábhar, ábhar deimhnithe, síolta réamhbhunúsacha, síolta bunúsacha nó síolta deimhnithe, a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas a cheadú: | Aontas de bharr dálaí aeráide díobhálacha nó imthosca gan choinne eile, a bhaint, ***tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlighte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 lena leasaítear an Rialachan seo d'fhonn*** údarú a thabhairt do na Ballstáit go ceann tréimhse uasta 1 bhliain amháin, chun margú na gcatagóirí d'ábhar réamhbhunúsach, bunábhar, ábhar deimhnithe, síolta réamhbhunúsacha, síolta bunúsacha nó síolta deimhnithe, a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas a cheadú: |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfar a leagan amach*** leis an ngníomh ***cur chun feidhme*** sin na huaschainníochtaí a fhéadfar a mhargú de réir géinis nó speicis. | ***Déánfar*** leis an ngníomh ***tarmligthe*** sin na huaschainníochtaí a fhéadfar a mhargú de réir géinis nó speicis ***a leagan amach***. |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin*** | 3. ***Tugtar an chumhacht don*** |

***gnímh cur chun feidhme,*** nach mór an t-údarú lena mbaineann a aisghairm nó a leasú, má thagann sé ar an gconclúid nach bhfuil gá leis an údarú sin nó nach bhfuil sé comhréireach i ndáil leis an gcuspóir go gcuirfí deireadh leis na deacrachtaí sealadacha maidir le soláthar ginearálta PRM lena mbaineann. ***Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).***

***Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, lena leasaítear an Rialachán seo, d'fhonn a chinneadh*** nach mór an t-údarú lena mbaineann a aisghairm nó a leasú, má thagann sé ar an gconclúid nach bhfuil gá leis an údarú sin nó nach bhfuil sé comhréireach i ndáil leis an gcuspóir go gcuirfí deireadh leis na deacrachtaí sealadacha maidir le soláthar ginearálta PRM lena mbaineann.

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Tabharfaidh an Ballstát a úsáideann an maolú dá dtagraítear i mír 4 fógra don Choimisiún ina leith.*** |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Ní bheidh feidhm ag an údarú eisceachtúil seo maidir le PRM atá comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE.*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go bhfuil na ceanglais atá leagtha amach i míreanna 2 go 5 á gcomhlíonadh. | (c) go bhfuil na ceanglais atá leagtha amach i míreanna 2 go ***5a*** a á gcomhlíonadh. |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Ní bheidh feidhm ag an maolú seo maidir le PRM atá comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe de réir bhrí Threoir 2001/18/CE.*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, údarú a thabhairt do na Ballstáit, a mhéid a bhaineann le táirgeadh agus margú PRM, ceanglais maidir le táirgeadh nó margú a fhorchur, ceanglais a bheadh ní ba dhéine ná na ceanglais siúd dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8, i gcuid de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann nó i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn na ceanglais is déine sin do na dálaí táirgthe sonracha sa Bhallstát sin, agus riachtanais agra-aeráide an Bhallstáit sin, i ndáil leis an PRM faoi leith. | Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, údarú a thabhairt do na Ballstáit, a mhéid a bhaineann le táirgeadh agus margú PRM, ceanglais maidir le táirgeadh nó margú a fhorchur, ceanglais a bheadh ní ba dhéine ná na ceanglais siúd dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 8, i gcuid de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann nó i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn na ceanglais is déine sin do na dálaí táirgthe sonracha sa Bhallstát sin, agus riachtanais agra-aeráide an Bhallstáit sin, i ndáil leis an PRM faoi leith ***agus nach gcuireann siad cosc, bac nó srian ar shaorghluaiseacht PRM atá i gcomhréir leis an Rialachán seo***. |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) réasúnú maidir le gá agus comhréireacht na gceanglas sin. | (b) réasúnú maidir le gá agus comhréireacht na gceanglas sin ***i bhfianaise na gcostas breise a d'fhéadfadh a bheith ar tháirgeadh agus ar mhargaíocht***. |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás easpa comhlíontachta le ceanglais tearmainn nó le ceanglais eile a fhorchuirtear ar shaothrú cineálacha ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó atá comhdhéanta díobh, cuirfear na bearta lena sriantar nó lena dtoirmisctear margaíocht an PRM lena mbaineann i bhfeidhm go dtí go ndéanfar comhlíonadh iomlán arís.*** |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina gcuireann Ballstát an Coimisiún ar an eolas go hoifigiúil faoin ngá le bearta éigeandála a dhéanamh, agus nach ngníomhaíonn an Coimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Ballstát na bearta cosantacha eatramhacha iomchuí a dhéanamh. Féadfaidh a áireamh ar na bearta sin forálacha lena gcuirfear srian nó toirmeasc ar tháirgeadh nó margú PRM laistigh de chríoch an Bhallstáit sin, nó lena leagfar síos coinníollacha iomchuí do tháirgeadh nó do mhargú an PRM sin laistigh den chríoch sin, de réir thromchúis an cháis. Cuirfidh an Ballstát sin an | 2. I gcás ina gcuireann Ballstát an Coimisiún ar an eolas go hoifigiúil faoin ngá le bearta éigeandála a dhéanamh, agus nach ngníomhaíonn an Coimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Ballstát na bearta cosantacha eatramhacha iomchuí***, comhréireacha agus a bhfuil teorainn ama leo,*** a dhéanamh. Féadfaidh a áireamh ar na bearta sin forálacha lena gcuirfear srian nó toirmeasc ar tháirgeadh nó margú PRM laistigh de chríoch an Bhallstáit sin, nó lena leagfar síos coinníollacha iomchuí do tháirgeadh nó do mhargú an PRM sin laistigh den chríoch sin, de réir thromchúis |

Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na bearta a rinne sé, agus tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh.

an cháis. Cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na bearta a rinne sé ***agus an tréimhse ama a chumhdaítear leo***, agus tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh. ***Leis an cur chuige sin, ligtear do Bhallstát gníomhú go tapa agus go héifeachtach i gcásanna éigeandála chun sláinte, an comhshaol agus leasanna eacnamaíocha a chosaint.***

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagail 2, 5, 6, 7, 8 ***agus*** 20, ***féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh a dhéanamh maidir le heagrú turgnamh sealadach*** chun roghanna malartacha feabhsaithe a lorg ar fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis na géinis agus speicis a bhfuil feidhm aige maidir leo, na ceanglais maidir le bheith mar chuid de ***chineál*** cláraithe, na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha, agus an oibleagáid a bhaineann le bheith mar chuid d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe. | De mhaolú ar Airteagail 2, 5, 6, 7, 8***, 9,*** 20***, 26, 27 agus 47 go 53***, ***tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thurgnaimh shealadacha a eagrú*** chun roghanna malartacha feabhsaithe a lorg ar fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis na géinis agus speicis a bhfuil feidhm aige maidir leo, na ceanglais maidir le bheith mar chuid de ***PRM*** cláraithe ***nó*** na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha, agus an oibleagáid a bhaineann le bheith mar chuid d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe***, na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú d'ábhar ilchineálach agus an oibleagáid a bhaineann le bheith mar chuid d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe.*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'fhéadfadh trialacha teicniúla nó eolaíochta a bheith sna turgnaimh sin lena scrúdófar indéantacht agus oiriúnacht na gceanglas nua i gcomparáid leo siúd a leagtar amach in Airteagail 2, 5, 6, 7, 8 ***agus*** 20 den Rialachán seo. | D'fhéadfadh trialacha teicniúla nó eolaíochta a bheith sna turgnaimh sin lena scrúdófar indéantacht agus oiriúnacht na gceanglas nua i gcomparáid leo siúd a leagtar amach in Airteagail 2, 5, 6, 7, 8***, 9,*** 20***, 26, 27 agus 47 go 53*** 53 den Rialachán seo. |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfar na*** gníomhartha ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear i mír 1 ***i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2) agus sonrófar*** ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas: | ***Sonrófar sna*** gníomhartha ***tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 1 ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas: |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oiriúnóidh na gníomhartha sin do chlaochlú teicnící le haghaidh tháirgeadh PRM lena mbaineann, ***a bheidh*** bunaithe ar aon triail chomparáideach a dhéanfaidh na Ballstáit. | Oiriúnóidh na gníomhartha sin do chlaochlú teicnící le haghaidh tháirgeadh PRM lena mbaineann, agus ***beidh siad*** bunaithe ar aon triail chomparáideach a dhéanfaidh na Ballstáit. |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thorthaí na dturgnamh sin agus tabharfaidh sé achoimre orthu i dtuarascáil, agus an gá chun Airteagail 2, 5***, 6, 7, 8 nó*** 20 a leasú á thabhairt le fios, más gá. | 3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thorthaí na dturgnamh sin agus tabharfaidh sé achoimre orthu i dtuarascáil, agus an gá chun Airteagail 2, 5 ***go 9***, 20***, 26, 27 agus 47 go 53*** a leasú á thabhairt le fios, más gá. |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, ní cheadófar allmhairiú den sórt sin, agus ní aithneofar aon choibhéis den sórt sin ***de bhun*** mhír 2, le haghaidh ***na meascán le haghaidh leasaithe amhail iad siúd*** dá dtagraítear in ***Airteagal 22, agus le haghaidh PRM amhail PRM atá faoi réir mhaoluithe Airteagail 26-30***. | Mar sin féin, ní cheadófar allmhairiú den sórt sin, agus ní aithneofar aon choibhéis den sórt sin ***faoi*** mhír 2, le haghaidh ***an PRM*** dá dtagraítear in ***Airteagail 22 go 29, ach amháin i gcás ina dtionscnaíonn sé i dtíortha comharsanacha***. |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – fomhír 3 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ainm an ***duine*** a allmhairíonn an PRM sin. | (g) ainm an ***úsáideora dheiridh, an fheirmeora nó an oibreora ghairmiúil*** a allmhairíonn an PRM sin. |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ainm an ***duine*** a allmhairíonn an PRM sin. | (g) ainm an ***úsáideora dheiridh, an fheirmeora nó an oibreora ghairmiúil*** a allmhairíonn an PRM sin. |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis na hoibreoirí gairmiúla a tháirgeann PRM: | Maidir leis na hoibreoirí gairmiúla a tháirgeann PRM ***agus é mar aidhm acu é a shaothrú ar bhonn tráchtála***: |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) coinneoidh siad taifid den fhaireachán ar na pointí criticiúla dá dtagraítear i bpointe ***(b)***, agus soláthróidh siad iad lena scrúdú arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla; | (e) coinneoidh siad taifid den fhaireachán ar na pointí criticiúla dá dtagraítear i bpointe ***(d)***, agus soláthróidh siad iad lena scrúdú arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla; |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i mír 1, pointe (d) agus pointe (e), maidir le micrifhiontair.*** |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 28, 29 agus 30*** |

| | |
|---|---|
| | ***faoi réir fhorálacha an Airteagail seo.*** |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní bheidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 28, 29 agus 30 faoi réir fhorálacha an Airteagail seo.*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) é a bheith beartaithe acu ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a tháirgeadh, ***1 mhí amháin ar a laghad*** roimh thús an táirgthe sin; agus | (a) é a bheith beartaithe acu ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a tháirgeadh, roimh thús an táirgthe sin; agus |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh gach Ballstát clár aonair náisiúnta cineálacha (‘clár náisiúnta cineálacha’), i bhformáid leictreonach, a bhunú, a fhoilsiú agus a choimeád cothrom le dáta, ina mbeidh: | 1. Déanfaidh gach Ballstát clár aonair náisiúnta cineálacha (‘clár náisiúnta cineálacha’), i bhformáid leictreonach, a bhunú, a fhoilsiú agus a choimeád cothrom le dáta ***i gcónaí***, ina mbeidh: |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar i gclár cineálacha an Aontais na cineálacha atá cláraithe sna cláir náisiúnta cineálacha agus a bhfuil fógra tugtha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 44. | Áireofar i gclár cineálacha an Aontais na cineálacha atá cláraithe sna cláir náisiúnta cineálacha agus a bhfuil fógra tugtha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 44***, agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta go míosúil***. |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun Iarscríbhinn VII a leasú, agus na forbairtí teicniúla agus eolaíochta á gcur san áireamh, agus ar bhonn na taithí a fuarthas nuair a tugadh le fios an gá a bhí ann go bhfaigheadh na húdaráis inniúla nó oibreoirí gairmiúla faisnéis níos beaichte maidir leis na cineálacha cláraithe. | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75, chun Iarscríbhinn VII a leasú ***trí eilimintí nach mór a áireamh sna cláir chineálacha a chur leis***, agus na forbairtí teicniúla agus eolaíochta á gcur san áireamh, agus ar bhonn na taithí a fuarthas nuair a tugadh le fios an gá a bhí ann go bhfaigheadh na húdaráis inniúla nó oibreoirí gairmiúla faisnéis níos beaichte maidir leis na cineálacha cláraithe. |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) tuairisc oifigiúil a léiríonn go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a leagtar amach in Airteagail 48, 49 agus 50, ***agus*** go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le luach sásúil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, mar a leagtar amach in Airteagal 52; nó | (i) tuairisc oifigiúil a léiríonn go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a leagtar amach in Airteagail 48, 49 agus 50 ***agus, i gcás speiceas a liostaítear i gCuid A seachas féara scraithe, agus i gCodanna D agus E d'Iarscríbhinn I***, go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le luach sásúil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, mar a leagtar amach in Airteagal 52; nó |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 1 – fomhír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) i gcás cineálacha atá fulangach ar luibhicídí, má tá siad faoi réir coinníollacha saothrúcháin le haghaidh tháirgeadh PRM agus chun críche ar bith eile, arna nglacadh de bhun mhír 3 nó, i gcás nár glacadh iad, de réir mar a ghlacann na húdaráis inniúla atá freagrach as clárú, chun forbairt na frithsheasmhachta fiailí in aghaidh luibhicídí de bharr a n-úsáide a chosc; | (f) i gcás cineálacha atá fulangach ar luibhicídí, má tá siad faoi réir coinníollacha saothrúcháin le haghaidh tháirgeadh PRM agus chun críche ar bith eile, arna nglacadh de bhun mhír 3 nó, i gcás nár glacadh iad, de réir mar a ghlacann na húdaráis inniúla atá freagrach as clárú, ***agus, i gcás ina bhfuil na cineálacha le saothrú i mBallstát eile, glacfaidh an t-údarás inniúil faoi seach na coinníollacha sin,*** chun forbairt na frithsheasmhachta fiailí in aghaidh luibhicídí de bharr a n-úsáide a chosc; ***nuair a bheidh plean do dhálaí saothraithe bunaithe ag Ballstát cheana féin, leathnófar na coinníollacha sin, i gcás inarb iomchuí, chuig clárúcháin cineálacha iardain a bhfuil tréithe comhchosúla acu laistigh den Bhallstát sin;*** |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 1 – fomhír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) i gcás cineálacha ag a bhfuil saintréithe áirithe seachas na cinn siúd dá dtagraítear i bpointe (f) a bhféadfadh éifeachtaí neamh-inmhianaithe agranamaíocha a bheith ann dá mbarr, má tá siad faoi réir coinníollacha saothrúcháin le haghaidh tháirgeadh PRM agus chun críche ar bith eile, arna nglacadh de bhun mhír 3 nó, i gcás nár glacadh iad, de réir mar a ghlacann na húdaráis inniúla atá freagrach as a gclárú, chun na héifeachtaí neamh-inmhianaithe agranamaíocha áirithe | (g) i gcás cineálacha ag a bhfuil saintréithe áirithe seachas na cinn siúd dá dtagraítear i bpointe (f) a bhféadfadh éifeachtaí neamh-inmhianaithe agranamaíocha a bheith ann dá mbarr, má tá siad faoi réir coinníollacha saothrúcháin le haghaidh tháirgeadh PRM agus chun críche ar bith eile, arna nglacadh de bhun mhír 3 nó, i gcás nár glacadh iad, de réir mar a ghlacann na húdaráis inniúla atá freagrach as a gclárú, ***agus, i gcás ina bhfuil na cineálacha le saothrú i*** |

sin a chosc, amhail forbairt na frithsheasmhachta lotnaidí in aghaidh na gcineálacha faoi leith nó éifeachtaí neamh-inmhianaithe ar phailneoirí. | ***mBallstát eile, glacfaidh an t-údarás inniúil faoi seach na coinníollacha sin,*** chun na héifeachtaí neamh-inmhianaithe agranamaíocha áirithe sin a chosc, amhail forbairt na frithsheasmhachta lotnaidí in aghaidh na gcineálacha faoi leith nó éifeachtaí neamh-inmhianaithe ar phailneoirí. ***nuair a bheidh dálaí saothraithe bunaithe ag Ballstát cheana féin, leathnófar na coinníollacha sin, i gcás inarb iomchuí, chuig clárúcháin cineálacha iardain a bhfuil tréithe comhchosúla acu laistigh den Bhallstát sin.***

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais shonracha maidir leis an méid seo a leanas: | Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais shonracha ***chun na scrúduithe a dhéanamh i ndáil le dearadh trialach agus coinníollacha fáis trialacha*** maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na ***híoschoinníollacha*** saothrúcháin a bheidh le glacadh ag na húdaráis inniúla de bhun ***mhíreanna 1(f)*** agus (g), maidir leis an méid seo a leanas: | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na ***híoscheanglais maidir leis na coinníollacha*** saothrúcháin a bheidh le glacadh ag na húdaráis inniúla de bhun ***mír 1, pointí (f)*** agus (g), maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i)*** bearta sna goirt, lena n-áirítear uainíocht barr; | ***(a)*** bearta sna goirt, lena n-áirítear uainíocht barr; |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 1 – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(ii)*** bearta faireacháin; | ***(b)*** bearta faireacháin; |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 1 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iii)*** an modh chun fógra a thabhairt faoi na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe ***(i)*** don Choimisiún agus do na Ballstáit eile; | ***(c)*** an modh chun fógra a thabhairt faoi na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe ***(a)*** don Choimisiún agus do na Ballstáit eile; |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 1 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iv)*** rialacha maidir le tuairisciú na n-oibreoirí gairmiúla do na húdaráis inniúla i ndáil le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe ***(i)***; | ***(d)*** rialacha maidir le tuairisciú na n-oibreoirí gairmiúla do na húdaráis inniúla i ndáil le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe ***(a)***; |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 1 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(v)*** tásc na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe ***(i)*** sna cláir náisiúnta cineálacha. | ***(e)*** tásc na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe ***(a)*** sna cláir náisiúnta cineálacha. |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 - mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun cineál a chlárú ina chlár náisiúnta cineálacha, glacfaidh údarás inniúil, gan aon scrúdú eile, le tuairisc oifigiúil nó scrúdú oifigiúil ar na ceanglais maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(i), a bheidh táirgthe ag údarás inniúil Ballstáit eile. | 4. Chun cineál a chlárú ina chlár náisiúnta cineálacha, glacfaidh údarás inniúil, gan aon scrúdú eile, le tuairisc oifigiúil***, tuairisc a aithnítear go hoifigiúil*** nó scrúdú oifigiúil ar na ceanglais maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(i), a bheidh táirgthe ag údarás inniúil Ballstáit eile ***má tá bearta aitheantais choibhéisigh ann idir an dá údarás inniúil***. |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun críocha na tuairisce oifigiúla, dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (a), measfar go bhfuil cineál sainiúil más féidir é a aithint gan dua, ar bhonn na saintréithe a bheith á léiriú aige a thagann as géinitíopa ar leith nó as teaglaim géinitíopaí, thar aon chineál eile arb eol go forleitheadach é a bheith ann ar dháta chur isteach an iarratais arna shuí i gcomhréir le hAirteagal 58. | 1. Chun críocha na tuairisce oifigiúla, dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (a), measfar go bhfuil cineál sainiúil más féidir é a aithint gan dua, ar bhonn na saintréithe a bheith á léiriú aige a thagann as géinitíopa ar leith nó as teaglaim géinitíopaí, thar aon chineál eile arb eol go forleitheadach é ar dháta chur isteach an iarratais arna shuí i gcomhréir le hAirteagal 58. |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) áirítear an cineál i gclár náisiúnta cineálacha; | (a) áirítear an cineál i gclár náisiúnta cineálacha ***nó i ndoiciméadacht arna soláthar don údarás inniúil ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le PRM a dhíol le húsáideoirí deiridh nó le caomhnú dinimiciúil***; |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 – fomhír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht na stórála, na próiseála ***agus*** an dáilte; | (f) saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht ***an saothrú, na buainte,*** na stórála, na próiseála***,*** an dáilte ***agus na húsáide***; |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 – fomhír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) saintréithe cáilíochta nó cothaitheacha. | (g) ***cáilíocht nó saintréithe*** cothaitheacha ***nó saintréithe atá tábhachtach le haghaidh próiseála;*** |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 – fomhír 2 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) laghdú dramhaíola réamhbhuainte nó iarbhuainte.*** |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar an scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a cheadú ar bhonn deonach do na speicis a liostaítear i gCuid B agus i gCuid C d'Iarscríbhinn I. I gcás ina mbeidh an scrúdú ar shaothrú agus úsáid inbhuanaithe déanta ag údarás inniúil oifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil agus faoi threoir oifigiúil an údaráis inniúil de bhun Airteagal 61, ceadóidh sé an t-éileamh sin a áireamh ar an gcuid sin den lipéad a luaitear in Airteagal 17(5). Ní bhainfidh an t-éileamh sin ach leis na saintréithe a léiríodh go bhfuil feabhas soiléir orthu i gcomparáid le cineálacha eile den speiceas céanna le linn na dtástálacha scrúdaithe. Ceadófar leis an gcóras deonach d'údaráis inniúla modheolaíochtaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a liostaítear faoin dara fomhír de mhír 1, pointe (a) go pointe (g).*** |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na modheolaíochtaí a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a liostaítear faoi mhír 1, pointí (a) go ***(g)***; | (b) na modheolaíochtaí a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a liostaítear faoi mhír 1, ***an dara fomhír,*** pointí (a) go ***(ga)***; |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na gníomhartha tarmligthe sin go ndéanfar na híoscheanglais, na modheolaíochtaí agus na caighdeáin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (c) den chéad fhomhír a bhfuil feidhm acu maidir le Codanna D agus E d'Iarscríbhinn I, a oiriúnú do ghnéithe sonracha na speiceas sin agus dá úsáidí deiridh, agus do chuspóirí na héagsúlachta agus na nuálaíochta.*** |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh a ghlacadh lena n-iarrtar ar Bhallstát na rialacha sin a aisghairm nó a mhodhnú, má mheastar, ar bhonn na fianaise eolaíochta agus teicniúla atá ar fáil, go bhfuil siad míchuí le haghaidh an scrúdaithe ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe cineáil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach bhfuil na húdaráis inniúla in ann scrúdú a dhéanamh faoi dhálaí orgánacha, nó an scrúdú ar shaintréithe áirithe, lena n-áirítear so-ghabhálacht i leith galair, féadfar tástáil a dhéanamh faoi | I gcás nach bhfuil na húdaráis inniúla in ann scrúdú a dhéanamh faoi dhálaí orgánacha, nó an scrúdú ar shaintréithe áirithe, lena n-áirítear so-ghabhálacht i leith galair, féadfar tástáil a dhéanamh faoi |

| | |
|---|---|
| dhálaí ionchuir ísil agus ***an méid a bhfuil géarghá leis amháin chun na cóireálacha tástála le lotnaidicídí agus ionchuir shealadacha eile*** a chur i gcrích | dhálaí ***atá á dtiontú nó*** ionchuir ísil agus ***leis na cóireálacha le lotnaidicídí agus ionchuir shealadacha eile a bhfuil géarghá leo amháin chun an scrúdú*** a chur i gcrích. ***I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil don Choimisiún ar na cúiseanna nach ndearnadh tástáil faoi dhálaí orgánacha agus cur chun feidhme na tástála faoi choinníollacha neamhorgánacha.*** |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Féadfaidh na húdaráis inniúla tástáil ar ghnáthshíol a áireamh faoi choinníollacha ionchuir íseal, faoi dhálaí orgánacha atá á dtiontú nó faoi dhálaí orgánacha.*** |

**Leasú** 230

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Faoi ... [10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thorthaí an chórais dheonaigh dá dtagraítear i mír 1a, agus déanfaidh sé achoimre ar thorthaí na meastóireachta sin i dtuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.*** |

**Leasú** 231

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá tásc aige maidir le réigiún bunaidh a thionscnaimh; | (b) tá tásc aige maidir le réigiún bunaidh a thionscnaimh***, nuair is eol é sin, nó na coinníollacha áitiúla faoinar nuaphóraíodh é***; |

**Leasú** 232

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh an clárú faoin Airteagal seo saor in aisce don iarratasóir.*** |

**Leasú** 233

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an t-údarás inniúil le clárú cineáil caomhantais, nó diúltóidh sé dó, tar éis dó a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé mír 1. | Glacfaidh an t-údarás inniúil le clárú cineáil caomhantais, nó diúltóidh sé dó, tar éis dó a sheiceáil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé mír 1. ***Cuirfidh an t-údarás inniúil a chinneadh in iúl don iarratasóir. I gcás ina ndiúltaítear don chlárú, luafaidh sé na cúiseanna a thugann údar maith don diúltú sin.*** |

**Leasú** 234

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na saintréithe agus an fhaisnéis ar cheart don tuairisc iad a chumhdach, más iomchuí le haghaidh speicis shonracha, a*** | ***scriosta*** |

***shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76(2).***

**Leasú** 235

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 53a*** |
| | ***Ceanglais maidir le clón roghnaithe agus PRM polaclónach a chlárú i gclár an Bhallstáit*** |
| | ***1. Cuirfidh an t-iarratasóir iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil lena dtabharfar le fios:*** |
| | ***(a) an speiceas agus, de réir mar is infheidhme, an cineál lena mbaineann an clón roghnaithe nó an PRM polaclónach, lena ndéanfar an cineál a chlárú i gclár cineálacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 44;*** |
| | ***(b) an ainmníocht bheartaithe agus na comhchiallaigh;*** |
| | ***(c) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an PRM polaclónach;*** |
| | ***(d) cothabhálaí an chlóin roghnaithe, nó an PRM pholaclónaigh;*** |
| | ***(e) tagairt don tuairisc ar phríomh-shaintréithe an chineáil lena mbaineann an clón roghnaithe nó an PRM pholaclónaigh;*** |
| | ***(f) tuairisc ar an bpríomhluach le haghaidh saothrú agus inbhuanaithe agus saintréithe úsáide an chlóin roghnaithe, nó an PRM pholaclónaigh;*** |
| | ***(g) breisiúcháin ghéiniteacha measta an chlóin roghnaithe nó an PRM pholaclónaigh roghnaithe i ndáil le feidhmíocht fhoriomlán an chineáil ábhartha;*** |

***(h) faisnéis ar cibé acu atá nó nach bhfuil an clón roghnaithe nó an PRM pholaclónaigh roghnaithe cláraithe i gclár de chuid Ballstáit eile cheana féin.***

***2. Comhlíonfaidh an clón roghnaithe na ceanglais seo a leanas chun a bheith cláraithe ar chlár an Bhallstáit:***

***(a) roghnófar é laistigh den chineál lena mbaineann é i ngeall ar thréithe feinitíopacha inchineáil speisialta áirithe agus ar a stádas fíteashláintíoch lena dtugtar feidhmíocht níos fearr don chlón roghnaithe, i gcomhréir le modhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus atá bunaithe ar mhodhanna ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon;***

***(b) fíre an chlóin roghnaithe le sainaitheantas an chineáil, áiritheofar í trí bhreathnú ar na saintréithe feinitíopacha agus, i gcás inarb iomchuí, tríd an anailís mhóilíneach de bhun caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta.***

***3. Comhlíonfaidh an PRM polaclónach na ceanglais seo a leanas chun a bheith cláraithe ar chlár an Bhallstáit:***

***(a) roghnófar é i dtriail allamuigh aonair cineál ina mbeidh sampla ionadaíoch d'éagsúlacht ghéiniteach fhoriomlán an chineáil de réir dearadh turgnamhach bunaithe ar mhodhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta. beidh an dearadh sin bunaithe ar mhodhanna arna bhforordú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon agus idir 7 agus 20 géinitíop sainiúil [1a] a bheidh ann;***

***(b) fíre an PRM phpholaclónaigh le sainaitheantas an chineáil, áiritheofar í trí bhreathnú ar na saintréithe feinitíopacha agus, i gcás inarb iomchuí, tríd an anailís mhóilíneach de bhun caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta.***

***4. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil***

| | |
|---|---|
| | ***cinneadh faoin gclárúchán i gclár an Bhallstáit ach amháin tar éis dó teacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na coiníollacha a legatar amach i míreanna 2 agus 3, mar is infheidhme i gcás an chineáil ábhair.*** |
| | ***[1a] International Organisation of Vine and Wine, resolution OIV-VITI 564B[1]2019.*** |

**Leasú** 236

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1 – pointe b – mír 1– pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) faoina bhfuil cineál eile den speiceas céanna nó de speiceas neasghaolmhar cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha nó i gclár cineálacha an Aontais; nó | (i) faoina bhfuil cineál eile den speiceas céanna nó de speiceas neasghaolmhar cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha nó i gclár cineálacha an Aontais, i gcatalóg tráchtála oibreora ghairmiúil ***nó i ndoiciméadacht arna soláthar don údarás inniúil ag duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil baint aige leis an gcaomhnú dinimiciúil;*** |

**Leasú** 237

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1 – pointe c – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***ach amháin murab ann don chineál dá dtagraítear i bpointe (i) nó (ii) a thuilleadh agus nach bhfuil aon tábhacht ar leith ag baint lena ainmníocht;*** | ***scriosta*** |

**Leasú** 238

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***ainmníocht bheartaithe***; | (d) ***ainmníocht shealadach***; |

**Leasú** 239

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) ainmníocht cineáil arna moladh ag an iarratasóir agus a fhéadfaidh a bheith leis an iarratas;*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) i gcás ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe sa chineál nó i gcás ina bhfuil an cineál comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe, fianaise go bhfuil saothrú an orgánaigh ghéinmhodhnaithe i gceist údaraithe san Aontas, i gcomhréir le Treoir 2001/18/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, nó i gcás inarb infheidhme, sa Bhallstát faoi leith i gcomhréir le hAirteagal 26b de Threoir 2001/18/CE; | (j) i gcás ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe sa chineál nó i gcás ina bhfuil an cineál comhdhéanta d'orgánach géinmhodhnaithe, fianaise go bhfuil saothrú an orgánaigh ghéinmhodhnaithe i gceist údaraithe san Aontas, i gcomhréir le Treoir 2001/18/CE nó Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, nó i gcás inarb infheidhme, sa Bhallstát faoi leith i gcomhréir le hAirteagal 26b de Threoir 2001/18/CE ***chomh maith leis an bhfianaise gur comhlíonadh na ceanglais maidir le saothrú agus faireachán sa séasúr fáis ar leith***; |

**Leasú** 241

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(k) i gcás ina mbaineann an t-iarratas*** | ***scriosta*** |

***le cineálacha caomhantais, faisnéis maidir le táirgeadh tuairisc, atá aitheanta go hoifigiúil, ar an gcineál, cruthúnas ar an tuairisc sin agus aon doiciméad nó foilseachán atá ina thaca ag an tuairisc;***

**Leasú** 242

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe o**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (o) ***úsáid bheartaithe nó coinníollacha saothrúcháin beartaithe, más infheidhme de bhun Airteagal 47(2), an chineáil sin.*** | (o) ***i gcás ina bhfuil an cineál fulangach ar luibhicídí dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (f), nó i gcás ina bhfuil tréithe ar leith aige a bhféadfadh éifeachtaí agranamaíocha neamh‑inmhianaithe a bheith mar thoradh orthu dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (g), tásc maidir leis an méid sin;*** |

**Leasú** 243

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(oa) na teicnící pórúcháin a úsáidtear chun an cineál a fhorbairt;*** |

**Leasú** 244

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe o b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ob) aon chearta maoine intleachtúla lena gcumhdaítear an cineál, a chomhpháirteanna, agus a shaintréithe a bheith ann, laistigh de theorainneacha na gceart a ndéantar iarratas orthu maidir leis an gcineál sin nó a deonaíodh don*** |

***iarratasóir ina leith, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil ceadúnas conarthach sínithe ag an iarratasóir nó i gcás ina bhfuil ceadúnas éigeantach faighte ag an iarratasóir chun úsáid a bhaint as paitinn atá ar úinéireacht ag oibreoir eile.***

**Leasú** 245

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 59(2), ***féadfaidh an t-iarratasóir an scrúdú teicniúil*** i ndáil le cé acu atá nó nach bhfuil luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ag an gcineál, i gcomhréir le hAirteagal 52, nó cuid de, más rud é: | 1. De mhaolú ar Airteagal 59(2), ***agus i gcás oibreoirí faoin gcóras deonach dá dtagraítear in Airteagal 52(1a) amháin), féadfaidh an t-údarás inniúil an t-iarratasóir a údarú dul i mbhun an scrúdaithe theicniúil*** i ndáil le cé acu atá nó nach bhfuil luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ag an gcineál, i gcomhréir le hAirteagal 52, nó cuid de, más rud é: |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) d'údaraigh údarás inniúil an Bhallstáit faoi leith an t-iarratasóir sin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) ní chuirtear an scrúdú in ionad an mheasúnaithe riosca is gá chun iarratas a dhéanamh ar údarú margaíochta faoi Threoir 2001/18/CE maidir le horgánaigh*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghéinmhodhnaithe nó faoi Rialachán (AE).../... [Rialachán TGN] maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe.*** |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2017/625. | 3. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2017/625. ***Tabharfaidh na húdaráis inniúla aird chuí ar rúndacht faisnéise tráchtála nó tionsclaíche a urramú i gcás go ndéantar foráil, le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, maidir le rúndacht den sórt sin chun leas dlisteanach eacnamaíoch a chosaint*** |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go suíonn sé nach gcomhlíontar na ceanglais faoi leith a leagtar amach in Airteagal 47(1); nó | (a) go suíonn sé nach gcomhlíontar na ceanglais faoi leith a leagtar amach in Airteagal 47(1) ***agus Airteagal 48***; nó |

**Leasú** 250

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagail 54 go 67, cláróidh na húdaráis inniúla ina gcuid clár náisiúnta cineálacha láithreach na cineálacha uile ar glacadh leo nó a cláraíodh go hoifigiúil roimh … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], sna | 1. De mhaolú ar Airteagail 54 go 67, cláróidh na húdaráis inniúla ina gcuid clár náisiúnta cineálacha láithreach na cineálacha uile ar glacadh leo nó a cláraíodh go hoifigiúil roimh … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], sna |

| | |
|---|---|
| catalóga, sna liostaí, nó sna cláir arna mbunú ag a mBallstát de bhun de bhun Airteagal 5 de Threoir 68/193/CEE, Airteagal 3 de Threoir 2002/53/CE, Airteagal 3(2) de Threoir 2002/55/CE agus Airteagal ***7(4)*** de Threoir 2008/90/CE gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach sna hAirteagail sin a chur i bhfeidhm. | catalóga, sna liostaí, nó sna cláir arna mbunú ag a mBallstát de bhun de bhun Airteagal 5 de Threoir 68/193/CEE, Airteagal 3 de Threoir 2002/53/CE, Airteagal 3(2) de Threoir 2002/55/CE ***agus cineálacha a bhfuil tuairisc oifigiúil acu de bhun*** Airteagal 7 de Threoir 2008/90/CE gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach sna hAirteagail sin a chur i bhfeidhm. |

**Leasú** 251

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ar Airteagal 53, cineálacha ar glacadh leo i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2008/62/CE agus Airteagal 3(1) de Threoir 2009/145/CE roimh… [***Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach*** dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], clárófar iad láithreach sna cláir náisiúnta cineálacha mar chineálacha caomhantais in éineacht le tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach san Airteagal sin a chur i bhfeidhm. | 2. De mhaolú ar Airteagal 53, cineálacha ar glacadh leo i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2008/62/CE agus Airteagal 3(1) ***agus Airteagal 21(1)*** de Threoir 2009/145/CE, ***agus cineálacha a bhfuil tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil acu de bhun Airteagal 7 de Threoir 2008/90/CE*** roimh… [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], clárófar iad láithreach sna cláir náisiúnta cineálacha mar chineálacha caomhantais in éineacht le tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach san Airteagal sin a chur i bhfeidhm. |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 69 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is éard a bheidh sa tréimhse chlárúcháin sin le haghaidh cineálacha de speicis de phlandaí torthaí agus ábhar iomadaithe fíniúna, mar a liostaítear i gCodanna C agus D faoi seach d'Iarscríbhinn I, ná 30 bliain, áfach. | Is éard a bheidh sa tréimhse chlárúcháin sin ***le haghaidh cineálacha caomhantais agus*** cineálacha de speicis de phlandaí torthaí agus ábhar iomadaithe fíniúna, mar a liostaítear i gCodanna C agus D faoi seach d'Iarscríbhinn I, ná 30 bliain, áfach. |

**Leasú** 253

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 70 - mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh an t-údarás inniúil, ar a thionscnamh féin, clárú cineáil a athnuachan, má bhíonn éileamh mór ag na hoibreoirí gairmiúla agus feirmeoirí lena mbaineann air, nó dá mba cheart é a choinneáil chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú. | 4. Féadfaidh an t-údarás inniúil, ar a thionscnamh féin, clárú cineáil a athnuachan, má bhíonn éileamh mór ag na hoibreoirí gairmiúla agus feirmeoirí lena mbaineann air, nó dá mba cheart é a choinneáil chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú, ***ar choinníoll nach bhfuil an cineál cosanta a thuilleadh le teideal ceart póraitheoirí plandaí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle, agus ar choinníoll nach raibh an cineál ar an liosta ar feadh dhá bhliain ar a laghad.*** |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 75 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), 10(2), 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3), 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. | Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), 10(2), ***12(3),*** 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3)***, 30a, 33(1) agus (3), 38(1) agus (2)***, 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) go ceann tréimhse ***cúig*** bliana ón... ***[***dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm***]***. |

**Leasú** 255

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 75 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), |

| | |
|---|---|
| 10(2), 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3), 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh Cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in ***Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*** nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 10(2), ***12(3),*** 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3)***, 30a, 33(1) agus (3), 38(1) agus (2)***, 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú** 256

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 75 - mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), 10(2), 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3), 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomhaíocht sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2(3), 7(3), 8(4), 10(2), 15(5), 20(2), 22(2), 24(4), 27(3)***, 30a, 33(1) agus (3), 38(1) agus (2)***, 46(2), 47(3), 52(3), 54(4), 61(3) agus 62(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomhaíocht sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú** 257

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cainníochtaí PRM deimhnithe agus caighdeánach ***agus limistéir a úsáidtear le hiad a tháirgeadh i***n aghaidh na bliana agus an speicis in éineacht le sonraíocht i ndáil leis na cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach; | (a) cainníochtaí PRM deimhnithe agus caighdeánach in aghaidh na bliana agus an speicis in éineacht le sonraíocht i ndáil leis na cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach; |

**Leasú** 258

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an líon oibreoirí gairmiúla a bhfuil na maoluithe á n-úsáid acu chun margú d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir le hAirteagal 28, na speicis lena mbaineann agus cainníochtaí iomlána PRM in aghaidh an speicis; | (d) an líon oibreoirí gairmiúla a bhfuil na maoluithe á n-úsáid acu chun margú d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir le hAirteagal 28, na speicis lena mbaineann; |

**Leasú** 259

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an líon ***banc géinte,*** eagraíochtaí agus líonraí ag a bhfuil cuspóir reachtúil nó cuspóir dearbhaithe eile chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú, i gcomhréir le hAirteagal 29, agus speicis lena mbaineann; | (e) an líon eagraíochtaí ***chaomhnaithe*** agus líonraí ag a bhfuil cuspóir reachtúil nó cuspóir dearbhaithe eile chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú, i gcomhréir le hAirteagal 29, agus speicis lena mbaineann; |

**Leasú** 260

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) na cainníochtaí mar a shainmhínítear in aghaidh an speicis le haghaidh na síolta a ndéantar malartuithe comhchineáil díobh idir feirmeoirí, i gcomhréir le hAirteagal 30;*** | ***scriosta*** |

**Leasú** 261

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) na cainníochtaí arna n-údarú in aghaidh an speicis le haghaidh PRM atá beartaithe le haghaidh tástálacha agus triallacha chun cineálacha nua a phórú, i gcomhréir le hAirteagal 31;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 78 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. | 1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach***, coisctheach*** agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. |

**Leasú** 263

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 81**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***Airteagal 81*** | ***scriosta*** |
| ***Leasú ar Rialachán (AE) 2018/848*** | |
| ***Leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 mar a leanas:*** | |
| ***(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:*** | |
| ***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (17):*** | |
| ***(17) ciallaíonn 'ábhar atáirgthe plandaí' ábhar atáirgthe plandaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(*)+;';*** | |
| ***____________*** | |
| ***(*) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …). [téann an fonóta a bheidh sa Rialachán sin anseo]*** | |
| ***[+ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin seo san fhonóta.]*** | |
| ***(b) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (18):*** | |
| ***(18) ciallaíonn 'ábhar ilchineálach orgánach' ábhar ilchineálach mar a shainmhínítear in Airteagal 3(27) de Rialachán (AE) …/…(*)++, arna tháirgeadh i gcomhréir leis an Rialachán seo;'*** | |
| ***____________*** | |
| ***(*) Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …. (IO …, lch. …). [téann an fonóta a bheidh sa Rialachán sin anseo]*** | |
| ***[+ +IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin seo.]*** | |
| ***(2) Scriostar Airteagal 13.*** | |
| ***(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 1.8.4. de Chuid I*** | |

***d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848: 'Déanfar na cleachtais iolrúcháin uile, seachas saothráin fíocháin plandaí, saothráin chille, geirmphlasma, míristéama, clóin chiméaracha, ábhar micriomadaithe, faoi bhainistíocht orgánach dheimhnithe'.***

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 83 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Beidh feidhm ag Airteagal 52 ***ón ... [60 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcás na speiceas a liostaítear i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn I.*** Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát. | (b) Beidh feidhm ag Airteagal 52***, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais scrúdaithe, na modheolaíochtaí agus na caighdeáin faoi seach chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a liostaítear i bpointí (a) go (gb) den dara fomhír d'Airteagal 52(1) ann***. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát. |

**Leasú** 265

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Cuid A – sraith 107 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cicer arietinum*** |
| | ***Camelina sativa*** |
| | ***Fagopyrum esculentu*** |
| | ***Lens culinaris*** |
| | ***Triticum monococcum*** |
| | ***Chenopodium quinoa*** |
| | ***Vicia ervilia*** |
| | ***Vicia narbonensis*** |
| | ***Tritordeum*** |
| | ***Lathyrus sativus*** |

| | |
|---|---|
| | ***Eragrostis tef*** |
| | ***Ceratonia siliqua*** |

**Leasú** 266

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Cuid A – sraith 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Salvia hispanica.*** |

**Leasú** 267

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II— Cuid B — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CEANGLAIS MAIDIR LE hÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ | CEANGLAIS MAIDIR LE hÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ***, AGUS PLANDAÍ TORTHAÍ*** A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ |

**Leasú** 268

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II— Cuid C — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CEANGLAIS MAIDIR LE CLÓIN ROGHNAITHE***, MEASCÁIN ILCHLÓNACHA AGUS PRM POLACLÓNACH*** D'ÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE A THÁIRGEADH***, A CHLÁRÚ*** AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9 (1) | CEANGLAIS MAIDIR LE CLÓIN ROGHNAITHE D'ÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH AGUS DEIMHNITHE A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9 (1) |

**Leasú** 269

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – cuid 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglais maidir le táirgeadh clón roghnaithe, ***meascán ilchlónach agus PRM polaclónach*** réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh agus dheimhnithe | Ceanglais maidir le táirgeadh clón roghnaithe, réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh agus dheimhnithe |

**Leasú** 270

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid C – mír 1 – pointe A – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Sainaitheantas an chlóin roghnaithe, ***an mheascáin ilchlónaigh nó an PRM pholaclónaigh,*** cinnfear é trí lipéad oifigiúil nó trí lipéad arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil agus déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil é a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú. Lipéad an ábhair, nó na taifid ar na máithairphlandaí lena mbaineann chun gach clón roghnaithe a tháirgeadh ***agus na géinitíopaí lena mbaineann chun an PRM polaclónach a tháirgeadh,*** coimeádfaidh an t-oibreoir gairmiúil iad tar éis mhargú an PRM sin | (a) Sainaitheantas an chlóin roghnaithe, cinnfear é trí lipéad oifigiúil nó trí lipéad arna eisiúint ag an oibreoir gairmiúil agus déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil é a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú. Lipéad an ábhair, nó na taifid ar na máithairphlandaí lena mbaineann chun gach clón roghnaithe a tháirgeadh, coimeádfaidh an t-oibreoir gairmiúil iad tar éis mhargú an PRM sin. |

**Leasú** 271

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid C – mír 1 – pointe A – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) go mbeidh dóthain faid idir é agus plandaí de na géinis nó de na speicis chéanna, arna chinneadh ar bhonn saintréithe luibheolaíocha i gcás gach speiceas agus de réir mar is iomchuí i gcás chatagóir an ábhair, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-*** | ***scriosta*** |

***inmhianaithe a áirithiú agus chun trasphailniú le barra eile a sheachaint;***

**Leasú** 272

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid C – mír 1 – pointe B – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Déanfar na máithairphlandaí ***agus na géinitíopaí*** lena mbaineann a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás máchailí. | (d) Déanfar na máithairphlandaí lena mbaineann a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás máchailí. |

**Leasú** 273

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid C – mír 1 – pointe B – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí ***agus na géinitíopaí*** lena mbaineann a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann PRM a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil. I gcás nach mbainfidh máithairphlandaí le cineál, fíorú sin na comhlíontachta leis an tuairisc oifigiúil nó leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, bainfidh sé leis na speicis lena mbaineann na máithairphlandaí sin. | (e) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí lena mbaineann a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann PRM a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil. I gcás nach mbainfidh máithairphlandaí le cineál, fíorú sin na comhlíontachta leis an tuairisc oifigiúil nó leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, bainfidh sé leis na speicis lena mbaineann na máithairphlandaí sin. |

**Leasú** 274

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid C – mír 1 – pointe B – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) I gcás meascáin ilchlónacha, déanfar meascán na gclón roghnaithe lena gcomhdhéantar an meascán*** | ***scriosta*** |

***ilchlónach roimh phacáistiú críochnaitheach an PRM sin agus áireofar leis an meascán comhréireanna comhionanna de na clóin roghnaithe lena gcomhdhéantar an meascán ilchlónach.***

**Leasú** 275

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid C – mír 1 – pointe B – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(j) I gcás PRM polaclónach, déanfar meascán na ngéinitíopaí lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach roimh phacáistiú críochnaitheach an PRM sin agus áireofar leis an meascán comhréireanna comhionanna de na géinitíopaí uile lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach.*** | ***scriosta*** |

**Leasú** 276

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid C – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Ceanglais maidir le clárú clóin, meascáin ilchlónaigh agus PRM polaclónach roghnaithe*** | ***scriosta*** |
| ***(a) Cuirfidh an t-iarratasóir iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil lena dtabharfar le fios:*** | |
| ***(i) an speiceas agus, de réir mar is infheidhme, an cineál lena mbaineann an clón roghnaithe, an meascán ilchlónach nó an PRM polaclónach, lena ndéanfar an cineál a chlárú i gclár cineálacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 44;*** | |
| ***(ii) an ainmníocht bheartaithe agus na comhchiallaigh;*** | |
| ***(iii) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar chomhdhéanamh an mheascáin*** | |

*ilchlónaigh nó an PRM pholaclónaigh;*

*(iv) i gcás inarb infheidhme, cothabhálaí an chlóin roghnaithe, an mheascáin ilchlónaigh nó an PRM pholaclónaigh;*

*(v) tagairt don tuairisc ar phríomh-shaintréithe an chineáil lena mbaineann an clón roghnaithe, an meascán ilchlónach nó an PRM pholaclónaigh;*

*(vi) tuairisc ar phríomh-shaintréithe VSCU an chlóin, an mheascáin ilchlónaigh nó PRM pholaclónaigh roghnaithe;*

*(vii) breisiú géiniteach measta an chlóin, an mheascáin ilchlónaigh nó PRM pholaclónaigh roghnaithe i ndáil le feidhmíocht fhoriomlán an chineáil ábhartha;*

*(viii) faisnéis ar cibé acu atá nó nach bhfuil an clón, an meascán ilchlónach nó PRM polaclónaigh roghnaithe cláraithe i gclár de chuid Ballstáit eile cheana féin.*

*(b) Comhlíonfaidh an clón, an meascán ilchlónach nó PRM polaclónach roghnaithe na ceanglais seo a leanas de réir mar is iomchuí i gcás an ábhair lena mbaineann chun go gclárófar é:*

*(i) roghnófar PRM polaclónach i dtriail allamuigh aonair cineál ina mbeidh sampla ionadaíoch d'éagsúlacht ghéiniteach fhoriomlán an chineáil de réir dearadh turgnamhach bunaithe ar mhodhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta. I gcás PRM polaclónach d'fhíniúin, beidh an dearadh sin bunaithe ar mhodhanna atá forordaithe ag an Eagraíocht idirnáisiúnta um fhíniúin agus um fhíon;*

*(ii) i gcás ábhar iomadaithe fíniúna, idir 7 agus 20 géinitíop sainiúil a bheidh sa PRM polaclónach;*

*(iii) fíre an chlóin roghnaithe, gach clóin roghnaithe den mheascán ilchlónach, gach géinitíop de PRM polaclónach le sainaitheantas an chineáil,*

***áiritheofar í trí bhreathnú ar na saintréithe feinitíopacha agus, i gcás inarb iomchuí, tríd an anailís mhóilíneach de bhun caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta.***

***Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh faoin gclárúchán ach amháin tar éis dó teacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na pointí (i) - (iii) de réir mar is infheidhme i gcás an chineáil ábhair.***

***(c) Beidh feidhm dá réir sin ag na ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú mar a leagtar amach i gCuid B pointe 2.***

**Leasú** 277

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II— Cuid D — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOLTA RÉAMHBHUNÚSACHA, BUNÚSACHA AGUS DEIMHNITHE DE PHLANDAÍ TORTHAÍ, D’FHÍNIÚIN AGUS DE PHRÁTAÍ ***SÍL*** A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ | CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOLTA RÉAMHBHUNÚSACHA, BUNÚSACHA AGUS DEIMHNITHE DE PHLANDAÍ TORTHAÍ, D’FHÍNIÚIN AGUS DE PHRÁTAÍ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ |

**Leasú** 278

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid D – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí torthaí, d’fhíniúin agus de phrátaí ***síl*** a tháirgeadh | Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí torthaí, d’fhíniúin agus de phrátaí a tháirgeadh |

**Leasú** 279

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid A – mír 1 – pointe B – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Le linn na gcéimeanna táirgthe uile, déanfar na máithairphlandaí a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann síolta a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil ar a gcineál. | (d) Le linn na gcéimeanna táirgthe uile, déanfar na máithairphlandaí***, i gcás inarb infheidhme,*** a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann síolta a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil ar a gcineál. |

**Leasú** 280

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III— Cuid B — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CEANGLAIS MAIDIR LE hÁBHAR CAIGHDEÁNACH DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ | CEANGLAIS MAIDIR LE hÁBHAR CAIGHDEÁNACH DE SPEICIS TALMHAÍOCHTA AGUS GHLASRAÍ ***DE PHLANDAÍ TORTHAÍ AGUS D'FHÍNIÚIN*** A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ |

**Leasú** 281

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IIII – Cuid B – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cé is moite de phointe (b)(i) di sin, beidh*** feidhm ag Cuid ***B*** d'Iarscríbhinn ***II*** dá réir sin maidir le hábhar caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú. | ***Beidh*** feidhm ag Cuid ***A*** d'Iarscríbhinn ***III*** dá réir sin maidir le hábhar caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú***, lena n-áirítear maidir le cineálacha caomhantais a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 26***. |

**Leasú** 282

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid B – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní fhéadfar fréamhstoic d'fhíniúin a mhargú mar ábhar caighdeánach.*** |

**Leasú** 283

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III— Cuid C — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CEANGLAIS MAIDIR LE ***CLÓIN ROGHNAITHE, MEASCÁIN ILCHLÓNACHA AGUS*** PRM POLACLÓNACH A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9 (1) | CEANGLAIS MAIDIR LE PRM POLACLÓNACH A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9(1) |

**Leasú** 284

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid C – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní fhéadfar fréamhstoic d'fhíniúin a mhargú mar ábhar caighdeánach***. | ***1. Plandú*** |
| | ***Beidh feidhm ag pointe 1 de Chuid C d'Iarscríbhinn II dá réir sin maidir le PRM polaclónách a phlandú***. |

**Leasú** 285

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid C – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh feidhm ag Cuid C d'Iarscríbhinn II dá réir sin maidir le clárú, táirgeadh agus*** | ***2. Saothrú sna goirt:*** |

***margú clón roghnaithe, meascán ilchlónach agus PRM polaclónach d'ábhar caighdeánach**.*

***(a) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, coimeádfar ábhar iomadaithe agus plandaithe ar leithligh ó chéile.***

***(b) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar phlandaí damáistithe nó míchumtha ag na céimeanna saothraithe uile chun sainaitheantas agus íonacht chineáil a áirithiú, nó, i gcás na bhfréamhstoc nach mbaineann le cineál, chun fíre shainaitheantas an speicis, chomh maith le plandaí damáistithe nó míchumtha, agus an táirgeadh éifeachtúil a áirithiú.***

***(c) Déanfar na máithairphlandaí lena mbaineann a eisiamh mar fhoinse PRM i gcás máchailí.***

***(d) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar na máithairphlandaí lena mbaineann a choinneáil i ndálaí ina mbeifear in ann PRM a tháirgeadh, agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc ar a gcineál atá aitheanta go hoifigiúil**.*

***(e) Déanfar cigireacht ar mháithairphlandaí ag a gcéim(eanna) fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha de réir mar is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.***

**Leasú** 286

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid C – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ceanglais maidir le PRM polaclónách a mhargú*** |
| | ***Comhlíonfaidh an t-ábhar na ceanglais uile seo a leanas, ag brath ar shaintréithe*** |

***gach géinis nó speicis lena mbaineann:***

***(a) beidh spreacadh íosta, toise shainithe, agus, i gcás inarb infheidhme, grádú sonrach aige, chun oiriúnacht an ábhair agus aonchineálacht leordhóthanach na luchtóige le haghaidh plandú a áirithiú;***

***(b) ní mór dóibh a bheith saor ó mháchailí, geall leis.***

***(c) déanfar meascán na ngéinitíopaí lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach roimh phacáistiú críochnaitheach an PRM sin agus áireofar leis an meascán comhréireanna comhionanna de na géinitíopaí uile lena gcomhdhéantar an PRM polaclónach; mar sin féin, tá fulaingt inghlactha, ní rachaidh minicíocht aon ghéinitíopa aonair riamh thar dhá oireadh an ghéinitíopa is lú minicí.***

**Leasú** 287

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II— Cuid D — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOL CAIGHDEÁNACH DE PHLANDAÍ TORTHAÍ, D'FHÍNIÚIN AGUS DE PHRÁTAÍ SÍL A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ | CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOL CAIGHDEÁNACH DE PHLANDAÍ TORTHAÍ, D'FHÍNIÚIN AGUS DE PHRÁTAÍ A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ |

**Leasú** 288

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe D – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag Cuid D d'Iarscríbhinn II dá réir sin maidir le síol caighdeánach de phlandaí torthaí, d'fhíniúin agus de phrátaí ***síl*** a tháirgeadh agus a mhargú. | Beidh feidhm ag Cuid D d'Iarscríbhinn II dá réir sin maidir le síol caighdeánach de phlandaí torthaí, d'fhíniúin agus de phrátaí a tháirgeadh agus a mhargú. |

**Leasú** 289

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| |
|---|
| |

*Leasú*

| |
|---|
| ***IARSCRÍBHINN IVa*** |
| ***SPEICIS A FHÉADFAR A THÁIRGTHE AGUS A MHARGÚ MAR SHÍOL TRÁCHTÁLA*** |
| ***Arachis hypogaea L.*** |
| ***Biserrula pelecinus*** |
| ***Brassica nigra (L.) W.D.J. Koch*** |
| ***Cynodon dactylon L.*** |
| ***Festuca trachyphylla (Hack.) Krajina)*** |
| ***Festuca filiformis Pour*** |
| ***Hedysarum coronarium L.*** |
| ***Lathyrus cicera*** |
| ***Medicago × varia T. Martyn Sand*** |
| ***Medicago doliata Carmingn*** |
| ***Medicago italica (Mill.) Fiori*** |
| ***Medicago littoralis*** |
| ***Medicago murex*** |
| ***Medicago polymorpha*** |
| ***Medicago rugosa*** |
| ***Medicago scutellata*** |
| ***Medicago truncatula*** |
| ***Medicago x varia Martyn Sand*** |
| ***Onobrychis viciifolia Scop*** |
| ***Ornithopus compressus*** |
| ***Ornithopus sativus*** |
| ***Phalaris aquatica L.*** |
| ***Plantago lanceolata*** |

| |
|---|
| ***Poa annua*** |
| ***Poa nemoralis*** |
| ***Trifolium fragiferum*** |
| ***Trifolium glanduliferum*** |
| ***Trifolium hirtum*** |
| ***Trifolium isthmocarpum*** |
| ***Trifolium michelianum*** |
| ***Trifolium squarrosum*** |
| ***Trifolium subterraneum*** |
| ***Trifolium vesiculosum*** |
| ***Trigonella foenum-graecum L.*** |
| ***Vicia bengahalensis L.*** |
| ***Vicia pannonica Crantz*** |
| ***xFestulolium Asch. & Graebn.*** |

**Leasú** 290

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Limistéar foinseach*** | 1. ***An réigiún tionscnaimh*** |

**Leasú** 291

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh údaráis inniúla ***limistéir fhoinseacha*** shonracha a ainmniú le haghaidh na meascán le haghaidh leasaithe, ar leo sin a bhíonn na meascáin sin bainteach go nádúrtha. Chun na críche sin, cuirfidh siad faisnéis san áireamh ó údaráis acmhainní géiniteacha plandaí nó ó eagraíochtaí atá aitheanta chun na críche sin ag na Ballstáit. | Féadfaidh údaráis inniúla ***réigiúin tionscnaimh*** shonracha a ainmniú le haghaidh na meascán le haghaidh leasaithe, ar leo sin a bhíonn na meascáin sin bainteach go nádúrtha. Chun na críche sin, cuirfidh siad faisnéis san áireamh ó údaráis acmhainní géiniteacha plandaí nó ó eagraíochtaí atá aitheanta chun na críche sin ag na Ballstáit. |

**Leasú** 292

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh an ***limistéar foinseach*** lonnaithe i mbreis agus Ballstát amháin, sainaithneofar é le comhaontú coiteann ó na Ballstáit uile lena mbaineann. | I gcás ina mbeidh an ***réigiún tionscnaimh*** lonnaithe i mbreis agus Ballstát amháin, sainaithneofar é le comhaontú coiteann ó na Ballstáit uile lena mbaineann. |

**Leasú** 293

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) is gnáthspeicis agus gnáth-fhospeicis a bheidh iontu le haghaidh chineál gnáthóige an ***limistéir fhoinsigh***; | (a) is gnáthspeicis agus gnáth-fhospeicis a bheidh iontu le haghaidh chineál gnáthóige an ***réigiúin tionscnaimh***; |

**Leasú** 294

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh siad oiriúnach chun cineál gnáthóige an ***limistéir fhoinsigh*** a athchruthú. | (c) beidh siad oiriúnach chun cineál gnáthóige an ***réigiúin tionscnaimh*** a athchruthú. |

**Leasú** 295

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní mó ná 0,05 % de réir meáchain a bheidh sa chion uasta de Rumex spp., seachas Rumex acetosella agus Rumex maritimus. | Ní mó ná 0,05 % de réir meáchain a bheidh sa chion uasta de Rumex spp., seachas Rumex acetosella agus Rumex maritimus, ***Rumex acetosa, R. thyrsiflorus and R. sanguineus***. |

**Leasú** 296

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 3 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhpháirteanna mar speicis agus, i gcás inarb ábhartha, fospeicis ***agus cineálacha*** an mheascáin le haghaidh leasaithe; ar gnáthspeicis agus gnáth-fhospeicis atá iontu le haghaidh chineál ***gnáthóige an limistéir fhoinsigh*** agus a mbaineann, mar chomhpháirteanna an mheascáin, tábhacht leo ar mhaithe leis an gcomhshaol nádúrtha a chaomhnú i gcomhthéacs acmhainní géiniteacha a chaomhnú; | (c) comhpháirteanna mar speicis agus, i gcás inarb ábhartha, fospeicis an mheascáin le haghaidh leasaithe; ar gnáthspeicis agus gnáth-fhospeicis atá iontu le haghaidh chineál ***an réigiúin tionscnaimh*** agus a mbaineann, mar chomhpháirteanna an mheascáin, tábhacht leo ar mhaithe leis an gcomhshaol nádúrtha a chaomhnú i gcomhthéacs acmhainní géiniteacha a chaomhnú; |

**Leasú** 297

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 3 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) cainníocht an mheascáin a bhfuil feidhm le bheith ag an údarú maidir léi;*** | ***scriosta*** |

**Leasú** 298

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 3 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***limistéar foinseach*** an mheascáin; | (e) ***réigiún tionscnaimh*** an mheascáin; |

**Leasú** 299

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 3 – mír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) cineál gnáthóige ***limistéar foinseach*** an mheascáin; agus | (g) cineál gnáthóige ***réigiún tionscnaimh*** an mheascáin; agus |

**Leasú** 300

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ag gabháil leis an iarratas beidh faisnéis is gá chun a fhíorú go gcomhlíontar ceanglais a leagtar amach i ***bpointe*** 4 i gcás meascáin le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach, nó i ***bpointe*** 5 i gcás meascáin iolraithe le haghaidh leasaithe. | Ag gabháil leis an iarratas beidh faisnéis is gá chun a fhíorú go gcomhlíontar ceanglais a leagtar amach i ***mír*** 4 i gcás meascáin le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach, nó i ***mír*** 5 i gcás meascáin iolraithe le haghaidh leasaithe. |

**Leasú** 301

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 3 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh oibreoirí gairmiúla, ***roimh thús*** gach ***séasúir táirgthe***, fógra a thabhairt faoi chainníocht ***shíolta*** na meascán le haghaidh leasaithe, dá mbeartaítear an t-údarú, in éineacht le méid agus áit an tsuímh bhailithe nó na suíomhanna bailithe beartaithe agus dáta nó dátaí an bhailithe. | Déanfaidh oibreoirí gairmiúla, ***ag deireadh*** gach ***bliana féilire nó gach bliana fioscaí, de réir mar is iomchuí***, fógra a thabhairt faoi chainníocht na meascán le haghaidh leasaithe, ***don údarás inniúil***. |

**Leasú** 302

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) meascán síl a bheidh bailithe ag an ***limistéar foinseach*** ('meascán le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach'), baileofar ag suíomh é nár síolaíodh le | (a) meascán síl a bheidh bailithe ag an ***réigiún tionscnaimh*** ('meascán le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach'), baileofar ag suíomh é nár |

| | |
|---|---|
| 40 bliain roimh dháta an údaraithe; | síolaíodh le 40 bliain roimh dháta an údaraithe; |

**Leasú** 303

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 5 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tógtar síol speicis aonaraigh ag an ***limistéar foinseach***, nó is meascáin le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach é a cheannaítear ó oibreoir eile; | (a) tógtar síol speicis aonaraigh ag an ***réigiún tionscnaimh***, nó is meascáin le haghaidh leasaithe arna mbuaint go díreach é a cheannaítear ó oibreoir eile; |

**Leasú** 304

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) iolraítear an síol dá dtagraítear i bpointe (a) lasmuigh den limistéar foinseach mar speiceas aonair. Féadfar an t-iolrú a dhéanamh le haghaidh cúig ghlúin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 305**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 5 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) féadfar síol a áireamh leis an meascán sin ar síol é ó speicis a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I agus a táirgeadh ar an ngnáthbhealach má chomhlíonann sé pointe (c);*** | ***scriosta*** |

**Leasú 306**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – fo-cheannteideal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) cion uasta na speiceas agus, i gcás inarb ábhartha, na bhfospeiceas, nach gcomhlíonann pointe ***(g)***, ní mó ná 1 % de réir meáchain a bheidh ann; | (h) cion uasta na speiceas agus, i gcás inarb ábhartha, na bhfospeiceas, nach gcomhlíonann pointe ***(f)***, ní mó ná 1 % de réir meáchain a bheidh ann; |

**Leasú 307**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – pointe A – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Seolfar an fógra sin mar litir chláraithe, nó trí aon mheán eile cumarsáide lena nglacann na húdaráis inniúla, agus iarrfar deimhniú fála. 3 mhí tar éis an dáta a thaispeántar ar an admháil fillte, ar choinníoll nár iarradh aon fhaisnéis bhreise nó nár cuireadh aon diúltú foirmiúil in iúl don soláthróir ar an gcúis go raibh an fógra neamhiomlán, measfar gur aithin an t-údarás inniúil an fógra agus a inneachar, agus áireofar an t-ábhar ilchineálach i gclár an ábhair ilchineálaigh. | Seolfar an fógra sin mar litir chláraithe, nó trí aon mheán eile cumarsáide lena nglacann na húdaráis inniúla, agus iarrfar deimhniú fála. 3 mhí tar éis an dáta a thaispeántar ar an admháil fillte, ar choinníoll nár iarradh aon fhaisnéis bhreise nó nár cuireadh aon diúltú foirmiúil in iúl don soláthróir ar an gcúis go raibh an fógra neamhiomlán, measfar gur aithin an t-údarás inniúil an fógra agus a inneachar, agus áireofar an t-ábhar ilchineálach i gclár an ábhair ilchineálaigh. ***Fanfaidh an clár sin saor in aisce don oibreoir oifigiúil.*** |

**Leasú 308**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – pointe B – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar an t-ábhar ilchineálach a ***ghiniúint le ceann*** de na teicnící seo a leanas: | 2. Féadfar an t-ábhar ilchineálach a ***bheith de thionscnamh aon chinn*** de na teicnící seo a leanas: |

**Leasú 309**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – pointe D - pointe 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Comhlíonfaidh PRM d'ábhar ilchineálach ***na*** ceanglais maidir leis an íonacht anailíseach agus na ceanglais maidir le péacadh le haghaidh síl agus na ceanglais cháilíochta maidir le hábhar eile ***den chatagóir is ísle le haghaidh na speiceas lena mbaineann***. | Comhlíonfaidh PRM d'ábhar ilchineálach ceanglais ***atá comhionann leis na ceanglais sin a leagtar síos don chatagóir is ísle do na speicis faoi seach lena n-áirítear na ceanglais a shocraítear do na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn IV*** maidir leis an íonacht anailíseach agus na ceanglais maidir le péacadh le haghaidh síl agus na ceanglais cháilíochta maidir le hábhar eile. |

**Leasú 310**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 3 – tábla 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | |
|---|---|
| ***Plandaí farae*** | ***10*** |

*Leasú*

| | |
|---|---|
| ***scriosta*** | ***scriosta*** |

**Leasú 311**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) i gcás ***cineálacha ag a bhfuil*** tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil agus, más iomchuí, tásc maidir leis an réigiún (na réigiúin), ina saothraítear an cineál go traidisiúnta agus a bhfuil sé oiriúnaithe **ó nádúr dó nó dóibh ('réigiún (réigiúin) tionscnaimh')**; | (g) i gcás ***cineálacha caomhantais,*** tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil agus, más iomchuí, tásc maidir leis an réigiún (na réigiúin) ina saothraítear an cineál go traidisiúnta agus***, i gcás cineálacha caomhantais a phóraítear as an nua,*** a bhfuil sé oiriúnaithe ***dona dálaí fáis áitiúla***; |

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – mír 1 – pointe t**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (t) i gcás inarb infheidhme, tásc go bhfuil saintréithe áirithe ag an gcineál ***seachas an tsaintréith dá dtagraítear i bpointe (i bpointí),*** agus tásc faoi na dálaí saothraithe is infheidhme. | (t) i gcás inarb infheidhme, tásc go bhfuil saintréithe áirithe ag an gcineál ***a bhféadfadh éifeachtaí neamh-inmhianaithe agranamaíocha a bheith ann dá mbarr*** agus tásc faoi na dálaí saothraithe is infheidhme; |

**Leasú 313**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – mír 1 – pointe t a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ta) i gcás inarb infheidhme, na cearta maoine intleachtúla faoi seach lena gcumhdaítear an cineál, a chomhpháirteanna, a shaintréithe agus a phróiseas forbartha, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme agus is iomchuí, líon aon phaitinn(í) ábhartha arna deonú nó ar feitheamh a chaithfidh an t-údarás inniúil a sholáthar agus a nuashonrú;*** |

**Leasú 314**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – mír 1 – pointe t b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(tb) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na teicnící pórúcháin a cuireadh i bhfeidhm chun an cineál a fhorbairt.*** |

**Leasú 315**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII a (nua)**

| |
|---|
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* |
| |
| *Leasú* |
| ***Iarscríbhinn VIIa*** |
| ***CINNÍOCHTAÍ UASTA DO CHAOMHNÚ DINIMICIÚIL*** |
| ***Tá feidhm ag an gcainníocht in aghaidh an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh, in aghaidh na bliana agus in aghaidh an chineáil /aontachais/éicitíopa/acmhainne ghéiniteach planda.*** |

| ***Speicis*** | ***Glanmhais uasta (kg)*** |
|---|---|
| ***Plandaí farae*** | ***20*** |
| ***Biatas*** | ***20*** |
| ***Gránaigh*** | ***200*** |
| ***Plandaí ola agus plandaí snáithín*** | ***20*** |
| ***Práta*** | ***1000*** |
| ***Glasra:*** | |
| ***Glasraí léagúmacha*** | ***75*** |
| ***Oinniúin, costóg, an lus súgach, biatas bán, biatas, tornapaí, mealbhacán uisce, gurd, mearóga, cairéid, raidisí, salsabh dubh, spionáiste, ceathrú uain*** | ***1*** |
| ***Gach speiceas eile glasraí*** | ***0,5*** |
| ***Glasraí iomadaithe go fásúil*** | ***500 planda*** |
| ***Torthaí agus ábhar iomadaithe fíniúna*** | ***150 stoc*** |